



2025/1732

14.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1732 ÓN gCOIMISIÚN
an 13 Lúnasa 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ ('an bhun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

- (1) An 19 Nollaig 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann', nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾ ('an fógra tionscnaimh').
- (2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne táirgeoirí an Aontais an 4 Samhain 2024 a raibh níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu sa tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024 ('an gearánach'). Rinneadh an gearán thar ceann thionscal coinnle, fáideog agus a leithéidí an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/511 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ⁽³⁾.

1.3. Páirtithe leasmhara

- (4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú, mar aon le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus Rialtas na Síne, allmhaireoirí aitheanta, soláthróirí agus úsáideoirí, trádálaithe, agus comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.
- (5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj>.

⁽²⁾ Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/7459, 19.12.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/7459/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/511 an 20 Márta 2025 lena gcuirtear allmhairí coinnle, fáideoga agus a leithéid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, IO L, 2025/511, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/511/oj).

1.4. Barúlacha maidir leis an tionscnaimh

- (6) Tar éis an tionscnaimh, rinne táirgeoir onnmhairiúcháin amháin, Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd ('Qingdao Kingking') agus comhlachas amháin de tháirgeoirí coinnle, China Household Chemicals Industry Association ('CHCIA'), raon táirge an imscrúdaithe a cheistiú.
- (7) Mheas CHCIA go raibh sainmhíniú an táirge faoi imscrúdú leathan agus doiléir, ag maíomh go raibh an dá shampla ionadaíocha a cuireadh ar fáil sa ghearán - taechoinnle bána neamhchumhra i gcupáin alúmanaim agus coinnle gloine cumhra - neamhiomlán agus as dáta i gcomparáid lena bhfuil a n-onnmhairiú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin faoi láthair. Mheas CHCIA go bhfuil cuid shuntasach de na díolacháin chuig an Aontas ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne níos sofaisticiúla agus a bhfuil roinnt mhaith eolas ealaíonta agus scileanna láimhe ag teastáil chun iad a tháirgeadh, agus nach féidir le táirgeoirí an Aontais iad a mhonarú mar gheall ar chostais saothair.
- (8) Mar fhocal scoir, d'iarr CHCIA coinnle maisiúcháin lámhdhéanta, coinnle i gcoimeádáin ghloine nó i gcupáin cheirmeacha agus coinnle cumhra a eisiamh.
- (9) D'aontaigh Qingdao Kingking le tuairim CHCIA agus mheas go raibh sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú ró-dhoiléir. D'athdhearbhaigh sé freisin an t-iarratas ó CHCIA go ndéanfaí cineálacha áirithe coinnle a eisiamh ón imscrúdú, amhail:
 - Coinnle atá deartha chun réada, fíoracha nó téamaí sonracha a léiriú, atá monaraithe le haghaidh maisiúcháin (agus ní le haghaidh solais agus teasa amháin)
 - Coinnle nó a gcoimeádáin a ndéantar spraeáil, péinteáil, greanadh léasair nó priontáil 3-T orthu
 - Gach coinneal i gcoimeádáin seachas i gcoimeádán gloine nó alúmanaim
 - Coinnle a dhíoltar mar oiriúintí le haghaidh tacar codanna maisiúla nó cumhra (amhail cumhrán)
 - Coinnle a lastar le lampaí LED atá á gcumhachtú ag ceallraí
- (10) D'esaontaigh an gearánach le hargóintí Qingdao Kingking agus CHCIA agus chuir sé in aghaidh na hiarrata ar eisiamh táirge a chuir siad isteach. D'áitigh sé go bhfuil an dá chineál coinnle ionadaíocha sa ghearán dá dtagraítear in aithris (7) thuas ionadaíoch do choinnle allmhairithe, agus níl siad ionadaíoch ar a bhfuil á monarú ag táirgeoirí coinnle an Aontais. Chuir sé béim freisin ar an ngá le sainmhíniú ar an táirge faoi imscrúdú a choinneáil mar a fhoráiltear dó san fhógra tionscnaimh ós rud é go n-áirítear in aschur coinnle tháirgeoirí an Aontais na táirgí ar iarr CHCIA agus Qingdao Kingking eisiamh ina leith freisin.
- (11) Mheas an Coimisiún gur cheart caitheamh le gach coinneal, fáideog agus a leithéid mar an táirge faoi imscrúdú. Mheabhraigh an Coimisiún, go ndéanfaidh an córas um Uimhir Rialaithe Táirgí a áirithiú nach gcuirfear coinnle a bhfuil coimeádán áirithe acu, bíodh dath orthu nó ná bíodh, agus bíodh siad cumhraithe nó ná bíodh, i gcomparáid ach le coinnle de chineál comhchosúil.

1.5. Sampláil

- (12) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. Táirgeoirí an Aontais a shampláil

- (13) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla (*) de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas sa tréimhse imscrúdúcháin. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Toisc nach raibh táirgeoir sampláilte, HANSA CANDLE (an Eastóin), in ann freagra a thabhairt ar an gceistneoir, chinn an Coimisiún táirgeoir eile, Løgumkloster Lys (an Danmhairg) a chur in ionad (†) na cuideachta sin. Ní raibh an táirgeoir sampláilte nua in ann, áfach, freagra a thabhairt ar an gceistneoir ach an oiread. Dá bhrí sin, dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla deireanach. Tráth a rinneadh an tsampláil, bhí an dá tháirgeoir seo freagrach as

(*) AD726 Candles_Note a ghabhann leis an gcomhad_Provisional sample_táirgeoirí AE an 19/12/2024; t24.011572
AD726 Nóta don chomhad — sampla cinntitheach de tháirgeoirí an Aontais an 17/01/2025; 25.001025.

(†) AD726 Nóta don chomhad — sampla cinntitheach de tháirgeoirí an Aontais an 24/02/2025; t25.002394.

breis agus 35 % den táirgeacht agus as níos mó ná 40 % de mhéid díolachán na gcuideachtaí a bhí rannpháirteach sa seasamh. Tar éis an macraicheistneoir a fhíorú, cinneadh gurb ionann na cuideachtaí sin agus breis agus 16 % den táirgeacht mheasta agus níos mó ná 17 % de mhéid díolachán measta thionscal an Aontais san Aontas. Tá líon mór cuideachtaí i dtionscal an Aontais, os cionn 80 cuideachta san iomlán, lena n-áirítear gnólachtaí móra agus raon leathan fiontar beag agus meánmhéide araon. I bhfianaise an struchtúir sin, meastar sciar 16–17 % a bheith ionadaíoch ar an tírdhreach tionsclaíoch níos leithne. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

1.5.2. *Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil*

- (14) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Níor tháinig aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe chun tosaigh, áfach, ná níor sholáthair siad an fhaisnéis riachtanach laistigh den spriocdháta. Mar thoradh air sin, ní dhearnadh aon sampláil ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

1.5.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

- (15) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar speis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

Sholáthair seachtó a trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla ⁽⁶⁾. Ní bhfuair an Coimisiún aon agóidí i gcoinne an tsampla a bhí beartaithe. Tar éis nuashonrú cléireachais ó cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhsampláilte go sealadach, chinn an Coimisiún sa deireadh ⁽⁷⁾ go mbeadh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sa sampla, a raibh níos mó ná 50 % de réir méid á onnmhairiú acu i dteannta a chéile chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

1.6. **Scrúdú aonair**

- (16) D'iarr aon táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Bheadh ualach míchuí ag baint le scrúdú a dhéanamh ar an iarratas sin le linn na céime sealadaí den imscrúdú mar gheall ar chastacht an cháis, ar na bpróiseas táirgthe agus ar struchtúr corparáideach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Cinnfidh an Coimisiún an ndéanfar scrúdú aonair ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

- (17) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (18) Thairis sin, chuir an gearánach fianaise leordhóthanach prima facie sa ghearán a léirigh gur ann do shaobhadh amhábhbar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhbar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

⁽⁶⁾ TRON t25.000237 an 6 Eanáir 2025.

⁽⁷⁾ TRON t25.000574 an 10 Eanáir 2025.

- (19) Chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí san Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín, na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí aitheanta. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ⁽⁸⁾ lá an tionscnaimh.
- (20) Lorg agus d'fhóraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais ⁽⁹⁾

- Cuideachta 1
- Cuideachta 5

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

- Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd agus cuideachtaí comhlachaithe, Cathair Ningbo, cúige Zhejiang
- Qingdao Kingking Applied Chemistyr Co Ltd, Cathair Qingdao, cúige Shandong
- Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co Ltd agus cuideachtaí comhlachaithe, Cathair Ningbo, cúige Zhejiang.

1.8. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (21) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

- (22) Is é atá sa táirge faoi imscrúdú coinnte, fáideoga agus a leithéidí, a thagann faoi chód AC 3406 00 00 ('an táirge faoi imscrúdú') faoi láthair.
- (23) Is éard atá sa phróiseas táirgeachta chun coinnte a mhonarú ná amhábhair (céir phairifín den chuid is mó) a théamh agus an choinneal a mhúnlú i múnlaí nó i gcoimeádáin i bpróiseas fuaraithe. Is í céir phairifín an t-amhábhair is coitianta a úsáidtear chun coinnte, fáideoga agus a leithéidí a tháirgeadh. Díorthaítear céir phairifín ó amhábhair mhianracha, go háirithe ola mhianrach, gual nó sceall ola, agus ar bhonn níos lú, gás nádúrtha. Féadfar an táirge lena mbaineann a tháirgeadh le céaracha breosla eile freisin, amhail stéirín ainmhíoch nó plandúil.
- (24) Gineann coinnte teas agus solas, ach úsáidtear iad den chuid is mó chun críocha maisiúcháin istigh, mar shampla i gcoinneoirí éagsúla, piléir agus ábhair mhaisiúcháin eile, nó chun críocha lasmuigh.
- (25) Tá an táirge faoi imscrúdú ar fáil i réimse leathan méideanna, cruthanna agus meáchain. Is féidir leis a bheith gnáthbhán nó daite (go hiomlán nó ar an taobh amuigh amháin), cumhra nó neamhchumhra, agus maisithe nó neamh-mhaisithe. Is féidir an dromchla a bheith réidh nó garbh. Is féidir an táirge lena mbaineann a bheith i ngloine/próca nó i gcoimeádáin d'ábhair éagsúla (e.g. ceirmeach, alúmanam, plaisteach). Tá éagsúlachtaí ann freisin maidir leis an mbuaiceas a úsáidtear sa choinneal. Féadfaidh siad a bheith cothrom, cearnach, croileacánach (le hábhair amhail cadás nó stáin), adhmaid, nó sainithe (i.e., deartha chun freastal ar shaintréithe dócháin a bhaineann le feidhmeanna coinnte ar leith).

⁽⁸⁾ <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2771>.

⁽⁹⁾ Tá Cuideachta 1 agus Cuideachta 5 mar chuid den ghearánach, a chuir an iarraidh isteach ar choinníoll go dtabharfar cóir anaithnid do gach táirgeoir, agus fíor-riosca frithbheartaíochta tráchtála á lua acu óna gcustaiméirí san Aontas, ar custaiméirí de chuid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne iad freisin. Mheas an Coimisiún go raibh údar cuí leis an iarraidh ar anaithnideacht agus dheonaigh sé í dá réir sin.

2.2. An táirge lena mbaineann

- (26) Is iad coinnle, fáideoga agus a leithéidí de thionscnamh na Síne an táirge lena mbaineann, atá faoi láthair faoi chód AC 3406 00 00 ('an táirge lena mbaineann').

2.3. An táirge comhchosúil

- (27) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus
 - an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.
- (28) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

- (29) Fuair an Coimisiún éileamh maidir leis an raon táirge ó Qingdao KingKing agus CHICA. Tugadh aghaidh ar a n-éileamh maidir le raon táirge faoi alt 1.4 thuas.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (30) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (31) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun coinnle, fáideoga agus a leithéidí a tháirgeadh. Chuir deich dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.
- (32) D'fhoneo faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- (33) Maidir le húsáid chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile ceist faoina úsáid. Tá aghaidh tugtha ar na hagóidí sna hailt seo a leanas.
- (34) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.
- (35) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, de réir na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh an Téalainn a bheith ina tríú tír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

- (36) D'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta faoi na tosca táirgeachta an 25 Aibreán 2025 ('an chéad nóta' anseo feasta) agus an dara nóta faoi na tosca táirgeachta an 20 Bealtaine 2025 (an 'dara nóta' anseo feasta), agus ina dhiaidh sin tháinig nóta forlíontach an 22 Bealtaine 2025, ina gceartaítear botún cléireachais i ráta malairte agus ina soláthraítear mionsonraí allmhairiúcháin lena n-áirítear na dleachtanna agus na sonraí saothair is infheidhme.
- (37) Sna nótaí sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeacht an táirge an táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéir a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa a threorú, shainathin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go suífedh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin (costais SGA) agus brabúis ar bhonn Nopparat Candlelight Company Limited agus T.T.T. Candle Co Ltd., dhá tháirgeoir an táirge lena mbaineann sa tír ionadaíoch. Sna nótaí sin tugadh aghaidh freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe leasmhara maidir leis na gnéithe sin agus leis na foinsí ábhartha. Tugtar aghaidh ar na barúlacha a chuir na páirtithe ar fáil sna hailt seo a leanas.

3.2. An Gnáthluach

- (38) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *"beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir"*.
- (39) Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *"más rud é go gcinntear ... nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir gur ann do shaoibhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa"*, agus *"áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús"* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin').
- (40) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. Saoibhadh suntasach a bheith ann

- (41) Sonraítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gurbh é atá i *"saoibhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhair agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaoibhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:*
- an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;
 - an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;
 - beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;
 - maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;
 - saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;
 - rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát."
- (42) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaoibhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

- (43) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Sa mheasúnú foriomlán i leith an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.
- (44) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán “[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoiblíú agus a thabhairt cothrom le dáta”.
- (45) De bhun na forála sin, d’eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín (*‘an Tuarascáil’* ⁽¹⁰⁾) ina bhfuil fianaise gur ann d’idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas ar roinnt maith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach ar roinnt mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábharr agus saothar) agus in earnálacha sonracha chomh maith (amhail cruach agus ceimiceáin). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdúcháin tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh.
- (46) Rinneadh tagairt sa ghearán don Tuarascáil agus bhí fianaise ábhartha bhreise sa ghearán freisin a chuireann leis an Tuarascáil.
- (47) Go sonrach, cuireadh in iúl sa ghearán nach féidir glacadh le praghsanna agus costais intíre coinnte, fáideog agus a leithéidí sa tSín ós rud é go bhfuil siad ag teacht salach ar choincheap an imoibrithe shaoir le fórsaí margaidh ach go bhfuil siad mar thoradh ar idirghabháil stáit chasta agus uilechuimsitheach.
- (48) Mar thaca leis an éileamh sin, leagadh béim sa ghearán ar ról Pháirtí Cumannach na Síne (*‘CCP’*) maidir le múnú gheilleagar na Síne i gcomhréir leis an teagasc maidir le geilleagar sóisialach an mhargaidh. Maidir leis sin, chuir an gearánach in iúl go dtugann Bunreacht na Síne, chomh maith le hachtanna dlíthiúla éagsúla eile, ról cinntitheach don stát agus do Pháirtí Cumannach na Síne sa gheilleagar. Thug an gearánach dá aire freisin, mar fhreagra ar an teannas trádála domhanda, gur tugadh áit lárnach don choincheap *‘déchúrsaíochta’* i gclár oibre Pháirtí Cumannach na Síne don bheartas tionsclaíoch. Dírionn sé sin go príomha ar chúrsaíocht intíre, ar an spleáchas ar allmhairí a laghdú, agus ar an timthriall eacnamaíoch idirnáisiúnta a neartú le méadú ar an méid oibreoirí tionsclaíocha de chuid na Síne atá ag teacht isteach sa mhargadh domhanda.
- (49) Mar argóint tacaíochta, thug an gearánach dá aire freisin, trína bheartais idirghabhálacha, go gcoinníonn Páirtí Cumannach na Síne smacht daingean ní hamháin ar chuideachtaí faoi úinéireacht an stáit, ach ar chuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach freisin. Ina theannta sin, luadh ann go bhfuil ról foirmiúil ag Páirtí Cumannach na Síne laistigh de chomhlachais tionscail, ar bhealach eile de chuid an stáit iad chun smacht a choimeád ar thionscal na Síne. Maidir leis sin, luaigh an gearánach go bhfuil sé de cheangal ar chuideachtaí, de réir dhlí chuideachtaí na Síne, eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a bhunú chun gníomhaíochtaí an rialtais a chur i gcrích.
- (50) Dá réir sin, chuir Páirtí Cumannach na Síne beartais idirghabhálacha in áit, ar an leibhéal náisiúnta, cúige agus bardasach, in earnálacha sonracha. I measc na mbeartas idirghabhálacha sin, tá na pleananna cúig bliana ⁽¹¹⁾ ceaptha chun cuspóirí Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne a bhaint amach. Dá réir sin, cuireann Páirtí Cumannach na Síne catagóirí áirithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha chun cinn agus cuireann sé toirmeasc ar chinn eile. Tá rochtain ag na catagóirí atá á gcur chun cinn ar na hacmhainní riachtanacha chun na pleananna a chur i bhfeidhm, ach bíonn srianta ar infhaighteacht acmhainní ag na hearnálacha atá á ndíspreagadh.

⁽¹⁰⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final, le fáil ag: [https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD\(2024\)91&lang=en](https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en).

⁽¹¹⁾ Amhail an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2025 (*‘an 14ú Plean Cúig Bliana’*) atá le fáil ag: [t0284_14th_Five_Year_Plan_EN](https://ec.europa.eu/economy_finance/14th_five_year_plan_en) (arna rochtain an 3 Meitheamh 2025).

- (51) I measc na n-earnálacha atáthar a spreagadh, thagair an gearánach do earnáil na gceimiceán agus na bpeitricemiceán, pairifín agus cineálacha eile céaracha mar na príomh-amhábhair chun an táirge lena mbaineann a mhonarú. Go háirithe, in earnáil na gceimiceán agus na bpeitricemiceán araon, tá sé mar aidhm ag beartas na Síne ‘rialú iomlán’ agus ‘rialú réasúnta láidir’ a choimeád ⁽¹²⁾. De réir an ghearánaigh, tá sé seo i gcomhréir leis an 14ú Plean Cúig Bliana freisin agus tá spriocanna acmhainneachta sonracha, roghanna táirgí, agus bearta caiteachais T&F leagtha amach don earnáil.
- (52) Earnáil eile a shainithin an gearánach mar earnáil ar a bhfuil tionchar ag saobhadh suntasach ná an earnáil alúmanaim (is minic a chuirtear taechoinnle bána neamhchumhra i gcupáin alúmanaim). D’áitigh an gearánach go bhfuil an earnáil alúmanaim á stiúradh agus á rialú den chuid is mó ag Rialtas na Síne, agus go ndeachaigh roinnt beart idirghabhála chun leasa na hearnála, ina measc, praghsanna fabhracha leictreachais agus fuinnimh, bearta a bhaineann le honnmhairiú chun cosc a chur ar onnmhairiú báicsít, agus ceanglais cheadúnaithe neamh-uathoibríocha onnmhairiúcháin ar bháicsít. Mar thoradh ar na bearta seo, tá saobhadh ann a dhéanann difear don slabhra luacha ina iomláine.
- (53) Thug an gearánach dá n-aire freisin gur dheimhnigh an Coimisiún roimhe seo ní hamháin go ndeachaigh raon fóirdheontas rialtais chun tairbhe don earnáil alúmanaim ach go ndeachaigh athdhíol alúmanaim phríomhúil trí ghníomhaireacht stáit, is é sin an Riarachán Náisiúnta um Bia agus Cúltaisí Straitéiseacha, chun tairbhe dó freisin.
- (54) Thairis sin, tugadh dá aire sa ghearán an tábhacht a bhaineann le gloine mar ionchur le haghaidh táirgeadh coinnle agus áitíodh ann go bhfuil earnáil na gloine buailte ag an ró-acmhainneacht faoi láthair, agus ina theannta sin go mbaineann sí leis na hearnálacha spreagtha agus dá bhrí sin go mbaineann sí leas as beartas difreála praghsanna leictreachais freisin ⁽¹³⁾.
- (55) Ina theannta sin, thug an gearánach dá aire saobhadh suntasach a dhéanann difear don earnáil chadáis, ar amhábhair eile í a úsáidtear i gcomhair coinnle a mhonarú. Faoi Rialtas na Síne, ní cheadaítear ach do Fhiontair Trádála Stáit áirithe cadás a thrádáil, rud a fhágann gur féidir leis an rialtas tionchar a imirt ar an bpraghas intíre agus onnmhairiúcháin. Maíodh sa ghearán gurb é an aidhm praghas cobhsaí a choimeád ar chadás, ar earra é a mheastar a bheith ina thráchtarra talmhaíochta straitéiseach ⁽¹⁴⁾.
- (56) Ina theannta sin, thug an gearánach dá aire saobhadh san earnáil fuinnimh agus luaigh go bhfaigheann an slabhra soláthair monaraithe coinnle praghsanna fabhracha leictreachais, ós rud é go háirithe go bhfuil an tionscal alúmanaim agus teicstíle incháilithe i gcomhair soláthar leictreachais níos saoire, ach freisin i bhfianaise chur chun cinn na táirgeachta guail san am atá thart, arbh é an toradh a bhí air faoi dheireadh go raibh rósóláthar leictreachais arna ghiniúint ón bhfoinse sin.
- (57) Áitíodh sa ghearán freisin go bhfuil ról ábhartha ag Stát na Síne agus caipiteal á leithdháileadh, ina dtugann sé iasachtaí claonta do ghnólachtaí faoi úinéireacht an stáit agus do ghnólachtaí príobháideacha a bhfuil dlúthcheangal acu leis an rialtas. Déantar é sin níos measa de bharr go gcuirtear cuid mhór iasachtaí ar fáil ar théarmaí fabhracha. Mar gheall ar chostais a bheith chomh híseal sin go saorga, tá borradh creidmheasa ag an tSín arb iad is sainairíonna ann úsáid iomarcach caipitil.
- (58) Ar deireadh, luaigh an gearánach saobhadh suntasach san earnáil saothair, agus thug dá aire nach bhfuil saoirse comhlachais agus cómhargála ag oibrithe agus fostóirí ós rud é nach bhfuil coinbhinsiúin bhunúsacha ábhartha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) daingnithe ag an tSín agus nach bhfuil na cearta sin curtha i bhfeidhm acu ar shlí eile. Ina theannta sin, de réir an ghearánaigh, tá margadh saothair na Síne saofa mar gheall ar an gcóras clárúcháin teaghlach lena cuirtear den lucht saothair faoi mhíbhuntáiste agus a chruthaíonn éiginnteacht maidir le costais saothair.
- (59) Ar an mbonn sin, chinn an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gceist maidir le monarú an táirge lena mbaineann.

⁽¹²⁾ Xinhua News Agency, ‘SASAC: The State-owned economy should maintain absolute control over seven industries’ [Ba chóir don gheilleagar faoi úinéireacht an Stáit smacht iomlán a choimeád ar sheacht dtionscal], le fáil ag: https://www.gov.cn/ztlz/2006-12/18/content_472256.htm (arna rochtain an 6 Meitheamh 2025).

⁽¹³⁾ Usha C. V. Haley agus George T. Haley, ‘Through the Looking Glass: Subsidies to China’s Glass Industry’ in *Subsidies to Chinese Industry: State Capitalism, Business Strategy, and Trade Policy*, (OUP, 23 Bealtaine 2013), le fáil ag: <https://academic.oup.com/book/11363/chapter/160011767> (arna rochtain an 3 Meitheamh 2025).

⁽¹⁴⁾ Liosta fógraí EDT na Síne, le fáil ag: <https://notifications.wto.org/en/status-by-member/china> (arna rochtain an 3 Meitheamh 2025).

- (60) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu an iomchuí nó nach iomchuí úsáid a bhaint as praghsanna agus costais intíre sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.
- (61) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.2. Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus ar chostais sa tSín

- (62) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap “geilleagar margaidh sóisialach”. Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal “úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, eadhon, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre”.
- (63) Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit ‘fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta’ agus tá sainordú ag an Stát maidir le ‘comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú’⁽¹⁵⁾. Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne leagtha amach ar an iomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha suntasacha a dhéanamh sa gheilleagar, ach go ndéantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.
- (64) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaobh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir an dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit⁽¹⁶⁾.
- (65) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúr stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir ról an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.
- (66) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.
- (67) I ndiaidh na chéad abairte den fhoráil a bhí ann cheana: ‘[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne’ cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: ‘[i]s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne.’⁽¹⁷⁾ Léiríonn sé sin rialú gan cheist ag Páirtí Cumannach na Síne ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.
- (68) Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad i bhfad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.
- (69) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith mar léiriú ar na dálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor⁽¹⁸⁾. Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le planáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

⁽¹⁵⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 8.

⁽¹⁶⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.

⁽¹⁷⁾ Féach: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 3 Meitheamh 2025).

⁽¹⁸⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.

- (70) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Leis na pleananna sin i dteannta a chéile, cumhdaítear mairís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus iad le fáil ar gach leibhéal rialtais.
- (71) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tráthchláir faoinar gá na cuspóirí a ghnóthú. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí.
- (72) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.
- (73) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht Stáit, a gcuid gníomhaíochtaí gnó a chur in oiriúint don mhéid a cheanglaítear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas le córas na bpleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir sin, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ⁽¹⁹⁾.
- (74) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Agus a mbeartas iasachtaithe á shocrú agus á chur chun feidhme ag na bainc sin, is gá dóibh a bheith i gcomhréir le cuspóirí bheartas tionscail an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ⁽²⁰⁾.
- (75) Is amhlaidh is fíor an cás maidir leis na comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh, etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar mhaithe le rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ⁽²¹⁾.
- (76) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a sheoladh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ⁽²²⁾.
- (77) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht suntasach ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scribe agus ar mhéid na hinfeistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfeistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail rialú an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ⁽²³⁾.
- (78) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Tá idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas den chineál sin ar neamhréir le fórsaí margaidh gan srian, arb é an toradh atá air saobhadh ar leithdháileadh acmhainní de réir phrionsabail an mhargaidh ⁽²⁴⁾.

⁽¹⁹⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 20.

⁽²⁰⁾ Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 75.

⁽²¹⁾ Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 99.

⁽²²⁾ Tuarascáil – Caibidil 18, lch. 538.

⁽²³⁾ Tuarascáil – Caibidil 8, lch. 242.

⁽²⁴⁾ Tuarascáil – Caibidil 12, lch. 328.

3.2.2.1. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

- (79) Sa tSín, is cuid rithábachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit. Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co (²⁵), Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co (²⁶), nó Qingdao Kingking (²⁷). Mar sin féin, shuigh an Coimisiún freisin maidir le príomhtháirgeoirí (²⁸) pairifín, ionchur rithábachtach chun coinnle a tháirgeadh, faoi úinéireacht an stáit, amhail Petrochina (²⁹), Sinopec Group (³⁰) nó Sinochem Group (³¹), go bhfuil siad uile faoi rialú ag an gCoimisiún um Riarachán agus Maoirseacht ar Shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit (³²) ('SASAC').
- (80) Ina theannta sin, is fiontar faoi úinéireacht stáit é an táirgeoir alúmanaim is mó sa tSín, China Aluminum Corporation ('Chinalco'), agus breis agus 35 % d'úinéireacht phoiblí air (³³).
- (81) Ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil ina ngnáthchleachtas anois i gcuideachtaí príobháideacha freisin (³⁴), agus Páirtí Cumannach na Síne ag glacadh chuige féin ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh go bunúsach ar thionchar an Stáit trí bhithin struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, mar gheall ar a mhéid atá struchtúir an Stáit agus an Pháirtí tar éis fás le chéile i sa tSín.
- (82) Ina theannta sin, sainordaítear leis an Dlí um Chur Chun Cinn na hEarnála Príobháidí '[t]acóidh eagraíochtaí príobháideacha agus a n-oibreoirí le ceannaireacht Páirtí Cumannach na Síne, cloífidh siad leis an gcóras sóisialach a bhfuil saintréithe Síneacha aige, agus glacfaidh siad páirt go gníomhach i gcumhacht shóisialach nua-aimseartha a thógáil.' (³⁵)
- (83) Is féidir leibhéal smachta agus maoirseachta beartais den chineál céanna a fheiceáil ar leibhéal na gcumann tionscail ábhartha, amhail Cónaidhm na Síne don Tionscal Peitricimiceán agus Ceimiceán ('CPCIF') a chumhdaíonn earnáil na bpeitricimiceán agus earnáil na gceimiceán.
- (84) Cloíonn Cónaidhm na Síne don Tionscal Peitricimiceán agus Ceimiceán le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, cuireann sé gníomhaíochtaí an Pháirtí i gcrích, agus cuireann sé na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochtaí an Pháirtí (³⁶). In theannta sin, 'Aireacht Gnóthaí Sibhialta is ea é údarás clárúcháin agus bainistithe an Chomhlachais' (³⁷) agus áirítear leis na gcoinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí ar CPCIF 'cloí le ceannasaíocht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith aige' (³⁸).
- (85) Is baill de CPCIF iad Sinochem Group agus Sinopec Group (³⁹).

(²⁵) Féach: <http://www.kwungs.com/> (arna rochtain an 26 Bealtaine 2025).

(²⁶) Féach: <http://www.kwungshome.com/> (arna rochtain an 26 Bealtaine 2025).

(²⁷) Féach: <https://www.chinakingking.com/> (arna rochtain an 26 Bealtaine 2025).

(²⁸) Féach: <https://m.chinabgao.com/top/brand/88643.html#:~:text=%E8%BF%99%E4%BA%9B%E5%93%81%E7%89%8C%E5%9C%A8%E7%9F%B3%E8%9C%A1%E7%9A%84,%E6%B4%8B%E5%8F%91%E5%B1%95%E3%80%81%E7%9B%9B%E4%BA%9A%ASIA%E3%80%82> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(²⁹) Féach: <https://www.cnpc.com.cn/en/index.shtml> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³⁰) Féach: <http://www.sinopec.com/listco/en/> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³¹) Féach: <http://www.syhg.chemchina.com/> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³²) Féach: <http://www.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025)).

(³³) Féach: <https://www.chinalco.com.cn/xwzx/> (arna rochtain an 4 Meitheamh 2025).

(³⁴) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí na gCuideachtaí sa tSín nó Treoirilínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronaí Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua (féach thíos don tagairt iomlán).

(³⁵) Féach Airteagal 5 den Dlí um Chur Chun Cinn na hEarnála Príobháidí, atá ar fáil ag: https://www.gov.cn/yaowen/liebiao/202504/content_7022018.htm (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³⁶) Féach Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, le fáil ag: <http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³⁷) Ibid.

(³⁸) Féach Airteagal 36 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, le fáil ag: <http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

(³⁹) Féach: <http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010> (arna rochtain an 12 Bealtaine 2025).

- (86) Go sonrach, is é China Household Chemicals Industry Association ⁽⁴⁰⁾ ('CHCIA') an comhlachas tionscail a chumhdaíonn tionscal na gcoinnle agus tá brainse coinnle bunaithe aige freisin ⁽⁴¹⁾.
- (87) De réir Airteagal 2 d'Airteagail Chomhlachais CHCIA is é 'cuspóir an chomhlachais a bheith ina chúntóir maith do ranna rialtais'. Ina theannta sin 'cloíonn CHCIA le ceannaireacht fhoriomlán CCP [...agus] [i]s í an Aireacht Gnóthaí Sibhialta údarás clárúcháin agus bainistíochta an chumainn seo, agus is é Coiste an Pháirtí de chuid [SASAC] na Comhairle Stáit an t-údarás ceannais um neartú an Pháirtí. Glacann an Comhlachas le treoraíocht ghnó agus maoirseacht ó na húdaráis chlárúcháin agus bhainistíochta, ó na príomhúdaráis um neartú an Pháirtí agus ó na ranna ábhartha um bainistiú tionscail' ⁽⁴²⁾.
- (88) Ina theannta sin, áirítear leis na gcoinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí ar CHCIA 'cloí le ceannasaíocht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go díonbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith aige' ⁽⁴³⁾.
- (89) Tá leaschathaoirleacht ag Qingdao Kingking ar bhord stiúthóirí CHCIA ⁽⁴⁴⁾.
- (90) Thairis sin, Comhlachas Tionscail na Síne do Mhonarú Miotal Neamh-Fheiriúil ('CNFA') ⁽⁴⁵⁾, a chumhdaíonn an t-ionchur alúmanaim, luaitear go sonrach in Airteagal 3 dá airteagail chomhlachais go gcloíonn an eagraíocht le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, go mbunaíonn sí eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne, go gcuireann sí gníomhaíochtaí an Pháirtí i gcrích, agus go gcuireann sí na dálaí is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí na heagraíochta Páirtí agus 'go nglacann sí le treoir, maoirseacht agus bainistíocht ghairmiúil ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí, agus ó na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail' ⁽⁴⁶⁾. De réir Airteagal 6, is é seo a leanas, inter alia, raon feidhme ghnó an Chomhlachais: '[i] gcomhréir leis an mbeartas ginearálta agus leis an gcúram ginearálta arna chur chun cinn ag an bPáirtí agus ag an stát, is é sin córas an gheilleagair margaidh shóisialaigh, agus i bhfianaise staid iarbhir an tionscail, moltaí agus tuairimí a chur chun cinn go gníomhach maidir le forbairt tionscail, beartais tionscail, dlíthe agus rialúcháin' ⁽⁴⁷⁾.
- (91) Tá Comhlachas Náisiúnta na Síne don Tionscal Gloine ⁽⁴⁸⁾ ('CNAGI') ábhartha freisin a mhéid a chumhdaíonn sé an earnáil gloine le haghaidh úsáid tí, lena n-áirítear coimeádáin ghloine a úsáidtear chun coinnle a tháirgeadh. In Airteagal 2 dá chuid Airteagal Comhlachais luaitear '[g]o gcloíonn an comhlachas leis an mBunreacht, agus le dlíthe, rialacháin agus beartais náisiúnta, go gcleachtann sé bunluachanna an tsóisialachais, go gcuireann sé meon an tírghrá chun cinn' ⁽⁴⁹⁾. Ina theannta sin, de réir Airteagal 3, cloíonn an comhlachas 'le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne, bunaíonn sé eagraíocht Pháirtí Cumannach na Síne, [agus] glacann sé le treoraíocht ghnó agus maoirseacht ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta agus ó ranna bainistíochta tionscail' ⁽⁵⁰⁾.
- (92) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil, tá siad beirt faoi réir maoirseacht agus treoir beartais.

⁽⁴⁰⁾ Féach: <https://www.chcia.org.cn/sy> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁴¹⁾ Féach Airteagal 2 d'Airteagail Chomhlachais CHCIA, ar fáil ag: <https://www.chcia.org.cn/fh> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁴²⁾ Féach Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CHCIA, ar fáil ag: <https://www.chcia.org.cn/xhzc> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁴³⁾ Féach Airteagal 36 d'Airteagail Chomhlachais CHCIA, le fáil ag: <https://www.chcia.org.cn/xhzc> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁴⁴⁾ Féach: <https://www.chcia.org.cn/lsh> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁴⁵⁾ Féach: <https://www.cnfa.net.cn/index.aspx> (arna rochtain an 4 Meitheamh 2025).

⁽⁴⁶⁾ Féach: <https://www.cnfa.net.cn/about/1546.aspx> (arna rochtain an 4 Meitheamh 2025).

⁽⁴⁷⁾ Ibid.

⁽⁴⁸⁾ Féach: <http://www.cnagi.org.cn/djgz> (arna rochtain an 4 Meitheamh 2025).

⁽⁴⁹⁾ Féach: <http://www.cnagi.org.cn/newsinfo/8098191.html> (arna rochtain an 4 Meitheamh 2025).

⁽⁵⁰⁾ Ibid.

3.2.2.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas

- (93) Seachas smacht a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireachta ar fhiontair faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha stáit príomhphearsana bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne ⁽⁵¹⁾, tá cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach ina bhealach tábhachtach eile trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó trí na cealla sin.
- (94) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (agus triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad inti mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ⁽⁵²⁾) agus cuirfidh an cuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíochta an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é.
- (95) Mar sin féin, ó bhí 2016 ar a laghad ann tá Páirtí Cumannach na Síne ag neartú a chuid maíomh go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil ⁽⁵³⁾, lena n-áirítear brú a chur ar cuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an Pháirtí a chomhlíonadh ⁽⁵⁴⁾.
- (96) In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla de chuid an pháirtí in 70 % de 1,86 milliún cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú chun go mbeadh an focal deiridh ag eagraíochtaí de chuid Pháirtí Cumannach na Síne maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí sin ⁽⁵⁵⁾. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.
- (97) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal *General Office of CCP Central Committee's Guidelines on stepping up the United Front work in the private sector for the new era* (na Treoirínte) ⁽⁵⁶⁾ rud a chuir le ról coistí de chuid an pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.
- (98) Luaitear an méid seo a leanas in alt II.4 de na Treoirínte: '[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'; agus luaitear an méid seo a leanas in alt III.6: "[n]í mór dúinn dlús a chur le neartú an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus cur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaíthe." Cuirtear béim sna Treoirínte mar sin ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis eile de chuid na hearnála príobháidí ⁽⁵⁷⁾.
- (99) Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil forluí ann idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí san earnáil ghloine freisin. Chun sampla a chur ar fáil, tá bainisteoir ginearálta Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne ⁽⁵⁸⁾.
- (100) Ina theannta sin, tugann Qingdao Kingking 'ról lárnach d'eagraíocht an Pháirtí maidir lena ról polaitiúil lárnach i measc na foirne agus maidir lena ceannaireacht pholaitiúil ar fhorbairt na cuideachta' ⁽⁵⁹⁾.

⁽⁵¹⁾ Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-104.

⁽⁵²⁾ Tuarascáil – Caibidil 5, lch. 126.

⁽⁵³⁾ Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster*; Foreign Affairs, iml. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

⁽⁵⁴⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-26.

⁽⁵⁵⁾ Féach: <https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁵⁶⁾ Treoirínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, le fáil ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁵⁷⁾ Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise: <https://on.ft.com/3mYxP4j> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁵⁸⁾ Féach: <https://baike.baidu.com/item/%E6%B1%9F%E6%98%8E%E5%AD%98/62615366#reference-1> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁵⁹⁾ Féach: https://www.chinakingking.com/party_building/detail/1.html (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025.).

- (101) Ina theannta sin, i suíomh Gréasáin Sinopec, déantar cur síos ar ról Choiste an Pháirtí laistigh den Ghrúpa mar seo a leanas: “[c]eannaireacht an Pháirtí sa phróiseas chun rialachas corparáideach a neartú, [...] an liosta de phríomhábhair a phléigh coiste Páirtí na cuideachta agus a ndearna siad cinneadh air a bharrfheabhsú [...] agus iad a leabú i gcóras cinnteoireachta agus faisnéise na ceanncheathrún”. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gcuideachta “an liosta de shaincheisteanna suntasacha mar a phléigh agus a chinne coiste an Pháirtí ina raibh fiontair chleamhnaithe go díreach; a nascadh agus a gcomhdhlúthú éifeachtach a chur chun cinn ar bhealach cuimsitheach, leis an liosta de “thrí shaincheist chinnteoireachta ollmhóra agus ceann amháin tábhachtach”, sásra oibre ó bharr anuas a bhunú le haghaidh comhordú agus comhair ilrannach, agus athbhreithniú comhpháirteach agus feabhsú sioncrónach ar chórais chinnteoireachta tábhachtacha a chur chun cinn go leanúnach chun oibriú caighdeánaithe agus éifeachtach chumhachtaí Choiste an Pháirtí i rialachas corparáideach a áirithiú” ⁽⁶⁰⁾.
- (102) Ina theannta sin, tá táirgeoirí alúmanaim faoi réir cur isteach an Pháirtí freisin, toisc gurb iad cathaoirleach, stiúrthóir agus bainisteoir ginearálta de chuid Chinalco mar rúnaí an Pháirtí agus leas-rúnaí an Pháirtí faoi seach ar eagraíocht an pháirtí in Chinalco. Ar a bharr sin, in 2024, sheol gach aonad den Ghrúpa Chinalco Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí: “[c]uireadh béim i gcruinniú imscartha an Ghrúpa Chinalco maidir le Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí gur cheart d’eagraíochtaí páirtí ar gach leibhéal an meascán foghlama agus cur chun feidhme a neartú, Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí a chomhcheangal le cur chun feidhme an chórais bhliantúil cur chun feidhme maidir le pleanáil straitéiseach [...] príomhthionscadail bhliantúla [...] de chuid Ghrúpa Chinalco agus ráthaíochtaí polaitiúla láidre a sholáthar chun iarracht a dhéanamh caibidil nua de nuachóiriú Chinalco a scríobh” ⁽⁶¹⁾.
- (103) Tá tionchar saofa breise ar an margadh ag láithreachta agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhair agus ionchur ⁽⁶²⁾. Dá réir sin, de bharr láithreachta an Stáit i ngnólachtaí, i earnáil na gcoinne agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), bíonn ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais.
- 3.2.2.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir.
- (104) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.
- (105) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽⁶³⁾.
- (106) Go ginearálta, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne “tacú le heagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha chun páirt a ghlacadh i móstraitéisí náisiúnta agus i mórhionscadail”. Tacú le heagraíochtaí eacnamaíocha príobháideacha chun infheistíocht a dhéanamh agus gnólachtaí a thionscnamh i dtionscail straitéiseacha atá i mbéal forbartha, i dtionscail amach anseo agus i réimsí eile, an claochlú teicneolaíoch agus claochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta a spreagadh” ⁽⁶⁴⁾.

Thairis sin, d’achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

⁽⁶⁰⁾ Féach: <http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/041/41878.shtml> (arna rochtain an 27 Bealtaine 2025).

⁽⁶¹⁾ Féach: https://www.chinalco.com.cn/dqjs/dqjs_djdt/202404/t20240422_126423.html (arna rochtain an 5 Meitheamh 2025).

⁽⁶²⁾ Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 134-138.

⁽⁶³⁾ Tuarascáil – Caibidil 8, lch. 243.

⁽⁶⁴⁾ Féach Airteagal 16 den Dlí um Chur Chun Cinn na hEarnála Príobháidí.

- (107) Ar dtús, díronn an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hAmhábhair ⁽⁶⁵⁾ go díreach ar earnáil an táirge lena mbaineann trína lua go ndéanfaidh Rialtas na Síne '[l] eagan amach ar acmhainneacht táirgthe nua a uasmhéadú, [...] coigeartú agus uasmhéadú ar leagan amach spásúil thionscal na n-amhábhair a chur chun cinn [agus] [p]lean pleanála agus leagan amach tionscail na bpeitricimeiceán a chur i bhfeidhm'. Go sonrach, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne, 'roinnt braislí tionscail peitricimeiceán [...] a thógáil' agus '[p]ríomhfhiontair a dhéanamh níos mó agus níos láidre, [...] saincheisteanna suntasacha maidir le comhordú agus réiteach a dhéanamh i leith fiontair a chumasc agus a atheagrú ar bhonn tras-réigiúnach, tacú le fiontair chun cumasc agus atheagrú tras-réigiúnach agus trasúinéireachta a bhrostú, comhchruinniú tionsclaíoch a fheabhsú, agus oibrióchtáí idirnáisiúnta a dhéanamh. I dtionscal na bpeitricimeiceán, tionscal na miotal neamhfheiriúil, tionscal na n-ábhar tógála agus i dtionscail eile, [tá beartaithe ag Rialtas na Síne] grúpa príomhfhiontar a chothú sa slabhra tionsclaíoch ag a mbeidh ceannaireacht éiceolaíoch agus croí-iomaíochas' ⁽⁶⁶⁾.
- (108) Ina theannta sin, i dTuairim Threorach MIIT 2022 chun Forbairt Ardcháilíochta Thionscal na bPeitricimeiceán agus na gCeimiceán a Chur Chun Cinn le linn thréimhse an 14ú Plean Cúig Bliana ⁽⁶⁷⁾ tugtar sainorduithe chun '[d]lús a chur le claochlú agus le huasghrádú d'fhonn iomaíochas an tionscail a fheabhsú."
- (109) Ina theannta sin, foráiltear le Plean oibre MIIT 2023 maidir le fás seasta thionscal na gceimiceán agus na bpeitricimeiceán ⁽⁶⁸⁾ gurb é ceann dá phríomhchuspóirí '[t]acú leis na boinn taispeána náisiúnta le haghaidh na samhla tionsclaíochta nua i dtionscal na bpeitricimeiceán agus na gceimiceán chun feabhas a chur ar cháilíocht na forbartha agus chun Braisle Ghlas Peitricimeiceán Ningbo agus braislí monaraíochta náisiúnta eile i dtionscal na bpeitricimeiceán agus na gceimiceán a chur chun cinn chun bogadh i dtreo braislí den chéad scoth'.
- (110) Tá Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co. agus Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. lonnaithe i Ningbo.
- (111) Ina theannta sin, ar an leibhéal áitiúil, faoi Phlean Oibre Chúige Liaoning 2024 um an Nasc idir Róbait Thionsclaíochas agus Príomhshlabhra Soláthair Tionsclaíoch Eile a Fheabhsú ⁽⁶⁹⁾ cumhdaítear go sainráite an earnáil phairifín agus feachtar leis '[r]oinnt scrogall cáilíochta a chuireann srian ar fhorbairt thionsclaíoch a réiteach, roinnt príomhfhiontar cáilíochta agus fiontar nuála caighdeánach a chothú, agus feabhas suntasach a chur ar leibhéal bainistíochta cáilíochta, luach branda, sciár den mhargadh agus croí-iomaíochas na bpríomhthionscal'.
- (112) Ar a bharr sin, 'is fíorthábhachtach do Choiste Pháirtí Bardasach Fushun agus don Rialtas Bardasach forbairt an tionscail phairifín, agus tabharfaidh siad raon feidhme iomlán do na buntáistí acmhainní, na buntáistí teicniúla, agus na buntáistí braisle atá ag baint leis an tionscal phairifín, feabhsóidh siad athléimneacht slabhra thionscal na pairifín, agus cuirfidh siad dlús le bunú patrún forbartha nua shlabhra an tionscail phairifín. [...] Tacaíonn Petrochina le Fushun Petrochemical chun éirí níos mó agus níos láidre, táirgeadh pairifín a mhéadú, agus Fushun a thógáil chun go mbeidh sé ar an mbonn táirgthe pairifín is mó ar domhan. [...] Maidir le feabhas a chur ar an nasc idir an tionscal phairifín agus an slabhra soláthair ina iomláine, tabharfaidh Rialtas Bardasach Fushun, mar an príomheintiteas sa slabhra tionscail, lánfheidhm do ról macra-rialaithe an rialtais [...] chun forbairt ardchaighdeán a bhaint amach i dtionscal an phairifín, fás eacnamaíoch áitiúil a spreagadh, agus colúin an chórais thionsclaíoch a thógáil" ⁽⁷⁰⁾.
- (113) Suíodh san imscrúdú freisin go bhfuil bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun margadh na gcoinne a fhorbairt, mar atá in Hebei, áit a bhfuil 'Bardas Dongwang tar éis tionscal na gcoinne a fhorbairt go bríomhar. [...] Faoi láthair, is ionann na coinnle agus na táirgí tacaíochta a tháirgtear agus 70 % den sciár den mhargadh náisiúnta, le níos mó ná 40 fiontar táirgthe mórsála, luach aschuir bliantúil de RMB 1,2 billiún yuan, agus onnmhairí bliantúla de RMB 100 milliún yuan' ⁽⁷¹⁾. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, rinne Bardas Dongwang iarracht '[t]uiscint a fháil ar fhorbairt agus uasghrádú an tionscail, [c]omhtháthú tionsclaíoch a chur chun cinn, comhlachas don tionscal coinnle a bhunú, buntáistí tionsclaíoch a chomhtháthú, [agus] forbairt eolaíoch agus eagraithe thionscal na gcoinne a chur chun cinn' ⁽⁷²⁾.

⁽⁶⁵⁾ 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁶⁶⁾ Ibid.

⁽⁶⁷⁾ Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁶⁸⁾ https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202308/content_6900274.htm (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁶⁹⁾ Féach: <https://www.ln.gov.cn/web/qmzx/lnsqmzxxtpsnxd/lnzxd/bm/2024061709101833774/index.shtml> (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁷⁰⁾ Ibid.

⁽⁷¹⁾ Féach: https://www.sohu.com/a/494828794_433256 (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁷²⁾ Féach: <https://www.ningjin.gov.cn/xxgk/content/26103.html> (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

(114) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(115) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.2.2.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, dlíthe corparáideacha, nó dlíthe maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(116) De réir na faisnéise atá ar comhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(117) Tá líon na bhféimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go bunúsach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ⁽⁷³⁾.

(118) Ina theannta sin, tá na heasnamh i gcóras na gcearta maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ⁽⁷⁴⁾. Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an Stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aithne acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, is minic nach n-urramaítear na forálacha sin, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a dtalamh saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ⁽⁷⁵⁾. Thairis sin, is minic a shaothraíonn na húdaráis spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ⁽⁷⁶⁾.

(119) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na gcoinne. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(120) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.2.2.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(121) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhóistoirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ⁽⁷⁷⁾.

⁽⁷³⁾ Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 315.

⁽⁷⁴⁾ Tuarascáil – Caibidil 8, lch. 242.

⁽⁷⁵⁾ Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 260.

⁽⁷⁶⁾ Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 262.

⁽⁷⁷⁾ Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 361.

(122) Faoi dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós buntúsach ⁽⁷⁸⁾. Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar chóras é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile sa tslí nach bhfuil ach cónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin in ann rochtain a fháil orthu.

(123) Is é an toradh air sin go hiondúil go bhfágfar oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid fostaíochta leochaileach agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chláraithe chónaithe ⁽⁷⁹⁾. Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais phá sa tSín.

(124) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil na gcoinne faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Mar gheall ar an saobhadh ar chostais phá, tá an earnáil buailte go díreach (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.2.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát

(125) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(126) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ⁽⁸⁰⁾, agus cuireann siad critéir seachas inmhharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit) ⁽⁸¹⁾ agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta.

(127) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil fhollasach chun a ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta eacnamaíche agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit ⁽⁸²⁾. Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ⁽⁸³⁾.

(128) Cé go n-aithnítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincúireachta agus rialacha stuamachta a urramú amháin an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlí éagsúla.

⁽⁷⁸⁾ Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 332.

⁽⁷⁹⁾ Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.

⁽⁸⁰⁾ Tuarascáil – Caibidil 5, lch. 107.

⁽⁸¹⁾ Tuarascáil – Caibidil 5, lch. 126.

⁽⁸²⁾ Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.

⁽⁸³⁾ Tuarascáil – Caibidil 10, lch. 272.

- (129) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus nach mór iad a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheistanna oibríochtúla agus bainistíochta⁽⁸⁴⁾. Chomh maith leis sin, táthar ar chritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála chur san áireamh anois, go háirithe, an chaoi a ndéanann eintitis *'freastal ar na cuspóirí náisiúnta forbartha agus ar an bhfíorghuilleagar'*, agus go háirithe ar an gcaoi *'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá i mbéal forbartha'*⁽⁸⁵⁾.
- (130) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaoibhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle⁽⁸⁶⁾.
- (131) Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile⁽⁸⁷⁾. Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit, do ghnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.
- (132) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghíaráil chorpáraideach in earnáil an Stáit in ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.
- (133) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na comharthaí praghaí go fóill ach bíonn tionchar orthu ag saobhadh a thagann ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, b'ionann é fós agus aon trian ar a laghad den iasachtú go léir ag deireadh 2018⁽⁸⁸⁾. Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí *'ráta úis don mhargadh iasachtaí a threorú thíos'*⁽⁸⁹⁾. De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.
- (134) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zomba' mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

⁽⁸⁴⁾ Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a sheabhsú (2020-2022)*, ar fáil ag: <http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928> (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025). Tugtar treoir sa Phlean *'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóraid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hatheachtóirí ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'*. Thairis sin, tá alt II den Phlean dírithe ar chomhtháthú orgánach ceannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: *'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta [...]* Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheistanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinntíodh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad.'

⁽⁸⁵⁾ Féach Fógra CBIRC maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála, a eisíodh an 15 Nollaig 2020: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁸⁶⁾ Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta *'Resolving China's Corporate Debt Problem'*, le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203.

⁽⁸⁷⁾ Tuarascáil – Caibidil 10, lch. 272.

⁽⁸⁸⁾ ECFE (2019), *Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: An tSín 2019*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

⁽⁸⁹⁾ http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 28 Bealtaine 2025).

- (135) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margáí caipitil, difear don chóras creidmheasa corparáideach sa tSín. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.
- (136) Níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú sin a léireodh nach gcuireann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais isteach ar earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh ar an idirghabháil shuntasach rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.3. *An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear*

- (137) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a dtugtar tuairisc orthu thuas agus i gCuid I den Tuarascáil ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.
- (138) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais phleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (104) - (136). Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí coinnte faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.
- (139) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstantiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.

- (140) Go deimhin, tá na hidirghabhálacha rialtais a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhair, tá siad ann ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

- (141) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.4. *Argóintí ó na páirtithe leasmhara*

- (142) Ar an 8 Bealtaine 2025, chuir Qingdao Kingking sraith barúlacha isteach mar fhreagra ar an gcéad nóta, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (143) Maidir leis na líomhaintí go bhfuil “saobhadh suntasach” i bpraghsanna tionscail ar leith sa tSín, thug an chuideachta dá haire nár cheart go mbeidís ina gconclúid réamhchinntithe, agus thug le fios freisin gur féidir, de réir rialacha an Aontais, costas táirgeachta tionscail áirithe sa tSín a aithint sa chás go gcruthaítear nach bhfuil aon saobhadh ann. Thug sí faoi dá haire freisin, maidir leis an saobhadh praghsanna do na ceithre thionscal bhunúsacha sa tSín, nach raibh aon bhaint aige leis an tionscal coinnte ar leith, agus chomh maith leis sin gur chinn imscrúduithe an Choimisiúin in 2009 agus 2015, faoi seach, nach ndearnadh saobhadh ar bpraghsanna sa tSín.

- (144) D'athdhearbhaigh Quingdao Kingking na maímh sin ina chuid barúlacha maidir leis an dara nóta, arna gcur isteach an 3 Meitheamh 2025.
- (145) Níorbh fhéidir glacadh leis na hargóintí sin. Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann tagairt na cuideachta don imscrúdú bunaidh agus don athbhreithniú éaga 2015 le hábhar, ós rud é gur tharla na himscrúduithe sin sular tugadh Airteagal 2(6a) isteach sa bhun-Rialachán. Ar an dara dul síos, de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, féadfaidh an Coimisiún costais intíre a úsáid chun gnáthluach a chinneadh ach ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin sa mhéid go suitear go dearfach nach bhfuil siad saofa, ar bhonn fianaise chruinn agus iomchuí. Mar sin féin, seachas líomhain a dhéanamh nach raibh aon saobhadh ann i dtaca leis an imscrúdú in 2009 agus 2015, níor chuir an cuideachta aon fhianaise isteach a léirigh nach mbeadh tionchar ag an saobhadh sin ar thionscal na gcoinnle faoi láthair. Mar a thuairiscítear go mion in aithrisí (79) agus (88) maidir le ceangail páirtí Quingdao Kingking, agus in aithrisí (62) - (141), tá earnáil an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear earnálacha a phríomhionchur, faoi réir saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

3.2.5. Conclúid

- (146) Léirítear san anailís a leagtar amach sa chuid seo, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile atá ar fáil a bhaineann le hidirghabháil na Síne ina geilleagar féin i gcoitinne agus in earnáil an táirge lena mbaineann, nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna agus costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais amhábhhar, fuinnimh agus saothair, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shuntasach ón rialtas orthu de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar a léirítear leis an tionchar iarbhair nó féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha atá liostaithe ann.
- (147) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás sin.
- (148) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh chun an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaoifa, is é sin, sa chás seo, ar bhonn costais táirgthe agus díola chomhfhreagracha i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléifear sa chuid seo a leanas.

3.2.6. Tír ionadaíoch

3.2.6.1. Barúlacha ginearálta

- (149) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:
- Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá comhionann le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽⁹⁰⁾;
 - Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;
 - Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.
 - I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.
- (150) Mar a mhínítear in aithris (36), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta don chomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

⁽⁹⁰⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

3.2.6.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

- (151) Sa chéad nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus chuir sé liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothair agus fuinneamh. Shainaithin sé freisin tíortha a d'fhéadfadh a bheith mar thíortha ionadaíocha.
- (152) De réir staidreamh allmhairiúcháin maidir le hamhábhair, fuarthas allmhairí na dtosca táirgeachta atá riachtanach chun coinnle, fáideoga agus a leithéidí a tháirgeadh sna tíortha seo a leanas a chomhlíon na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an Airgintín, an Bhrasail, an Cholóim, an Indinéis, Macadóine Thuaidh, Meicsiceo, an Mhalaeisia, Peiriú, na hOileáin Philipíneacha, an tSeirbia, an Téalainn, an Tuirc agus an Afraic Theas. Mheas sé freisin go ndéantar coinnle a tháirgeadh sna tíortha sin go léir.
- (153) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainathnódh sa nóta sin i dtaca leis an leibhéal forbartha eacnamaíche.

3.2.6.3. Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

- (154) Ní raibh an Coimisiún in ann sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca a fháil ó tháirgeoirí coinnle in aon cheann de na tíortha a luadh sa chuid roimhe seo seachas an Mhalaeisia agus an Téalainn. Thairis sin, ní raibh na sonraí airgeadais a fuarthas ó tháirgeoirí coinnle sa Mhalaeisia mionsonraithe go leor chun na costais SGA agus an brabús a ríomh.
- (155) Ba sa Téalainn amháin a shainaithin an Coimisiún cúig chuideachta a tháirgeann coinnle agus a raibh sonraí airgeadais ar fáil ina leith a fhorluíonn le ráithe amháin den tréimhse imscrúdúcháin.
- (156) Cé gur léirigh infhaighteacht sonraí airgeadais ó tháirgeoirí coinnle sa Téalainn gur cheart go mbeadh an Téalainn ina tír ionadaíoch (mar a léirítear freisin san fhógra tionscnaimh), i gcás trí thoisc táirgeachta thábhachtacha (céir phairifín, coimeádáin gloine agus páipéar pacáistíochta), áiríodh i méideanna na n-allmhairí isteach sa Téalainn cainníochtaí suntasacha ar phraghsanna saofa ar de thionscnamh na Síne iad.
- (157) Lorg an Coimisiún tír mhalartach inar lú go mór allmhairí na dtosca táirgeachta sin ón tSín. Tháinig an Tuirc chun tosaigh go soiléir mar an rogha ab oiriúnaí, áit a raibh allmhairí tosca táirgeachta uile, arb ionann iad agus níos mó ná 2 % de na costais táirgthe iomlána, ar de thionscnamh tíortha seachas an tSín iad i gcomparáid le 63 % ar a laghad. Go sonrach, i gcás céir phairifín, an t-amhábhair is tábhachtaí, níor tháinig ach 15 % d'allmhairí de thionscnamh na Síne isteach sa Tuirc.
- (158) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún cuardach cuimsitheach agus foinsí a bhí ar fáil go héasca le haghaidh sonraí airgeadais ábhartha sa Tuirc in úsáid. Cé gur sainathnódh roinnt tháirgeoirí coinnle sa Tuirc, ní bhfuarthas aon sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca chun a gcuid corrlach brabúis agus costais SGA a shuí. Thug an Coimisiún cuireadh do na páirtithe leasmhara uile an fhaisnéis sin a chur isteach má bhí a leithéid ar fáil, agus níor shainaithin aon cheann acu aon chuideachta eile in aon tír eile seachas na cuideachtaí sa Téalainn arna sainathnó ag an gCoimisiún.
- (159) Mar fhreagairt ar an gcéad nóta, níor chuir aon tháirgeoir onnmhairsiúcháin ná tionscal an Aontais in aghaidh an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch. Níor sholáthair aon pháirtí aon sonraí airgeadais ó aon tír ionadaíoch eile a d'fhéadfadh a bheith ann.
- (160) Maidir le tionchar ag ionchur saofa na Síne ar phraghsanna tosca táirgeachta áirithe sa Téalainn, bhí argóintí contrártha ag na páirtithe in aghaidh agus i bhfabhar sonraí allmhairsiúcháin ón Téalainn a úsáid. Maidir le tháirgeoirí onnmhairsiúcháin a bhí i bhfabhar an Téalainn a úsáid mar fhoinsé na dtosca táirgeachta uile; chuir siad in iúl go raibh méideanna allmhairí na dtosca táirgeachta isteach sa Téalainn níos mó ar an iomlán i gcomparáid leis an Tuirc agus go mbeadh sé sin in aghaidh an chleachtais a bhí i réim ag an gCoimisiún roimhe foinse malartach a roghnú do na tosca táirgeachta nach féidir a fhoinsiú ón tír ionadaíoch. Idir an dá linn, chuir tionscal an Aontais inní in iúl, dá mba de thionscnamh na Síne cuid shuntasach d'allmhairí tosca táirgeachta, go bhféadfaí a mheas go bhfuil saobhadh ar an leibhéal praghaís atá i réim i gcás na tosca táirgeachta sin.
- (161) Sa dara nóta, mhol an Coimisiún, i gcás inarb ionann allmhairí tosca táirgeachta ón tSín agus níos mó ná 50 % den mhéid iomlán allmhairí (i.e., céir phairifín, coimeádáin ghloine agus pacáistiú/lipéid), d'fhoinsíodh sé praghsanna neamhsaofa ón Tuirc. Murab ionann agus an Téalainn, ba mhó ná tairseach 50 % i gcónaí líon na n-allmhairí isteach sa Tuirc ó thíortha seachas an tSín, rud a thugann tagarmharc níos réasúnta.

- (162) Mhol tionscal an Aontais go ndéanfaí cuardach ar na sonraí airgeadais a mbíonn catagóir na dtionscal (NACE) in úsáid acu sa Tuirc ina bhfuil táirgeadh coinnle. Mheas an Coimisiún, ós rud é go bhfuil na sonraí ó tháirgeoirí coinnle ar fáil, gurb iomchuí iad sin a úsáid seachas an t-aicmiú leibhéal NACE nach bhfuil chomh beacht céanna.
- (163) Níor chomhaontaigh Qingdao Kingking leis an gcritéar maidir le tíortha ard-mheánioncaim a úsáid chun na tagarmharcanna a fhoinsiú. Ós rud é go n-eascraíonn an ceanglas seo as Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, diúltaíodh don éileamh sin.

3.2.6.4. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

- (164) Tar éis a shuí gurb é an Téalainn an t-aon tír ionadaíoch iomchuí a bhí ar fáil, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.6.5. Conclúid

- (165) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Téalainn na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán chun go measfaí gur tír ionadaíoch iomchuí í ós rud é gurb í an t-aon tír ag a bhfuil sonraí airgeadais ar fáil a theastaíonn chun SGA agus brabús a shuí. I gcás trí FOP a bhfuil tionchar ag allmhairí saofa na Síne orthu, foinseofar sonraí ón Tuirc, tír ag a bhfuil an líon allmhairí is ísle ón tSín ar an iomlán agus a bhfuil staidreamh allmhairí an-mhionsonraithe ar fáil aici.
- (166) Mar fhreagairt ar na barúlacha maidir le praghsanna tosca táirgeachta áirithe a fhoinsiú ón Tuirc, mheas an Coimisiún, fiú dá roghnófaí tír ionadaíoch, nár chuir sé sin cosc uirthi laistigh de chritéir áirithe dea-shainithe, praghsanna ón tír sin a mheas mar phraghsanna a d'fhéadfadh a bheith saofa agus praghsanna a fhoinsiú ó thíortha eile laistigh den chatagóir ghinearálta chéanna tíortha de réir Airteagal 2(6a). Tá anailís mhionsonraithe ar na tosca lena mbaineann sa chéad chuid eile.
- (167) D'áitigh KingKing Qingdao go bhfuil geilleagar na Tuirce saofa agus éagobhsaí, agus dá bhrí sin nár cheart í a úsáid mar thír ionadaíoch. Thug an Coimisiún dá aire, beag beann ar staid fhoriomlán gheilleagar na Tuirce, nach mbeadh ach tionchar teoranta aige ar phraghsanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta atá ábhartha don chás seo. Dá bhrí sin, ní raibh gá le measúnú mionsonraithe ar gheilleagar na Tuirce agus diúltaíodh don éileamh sin.

3.2.7. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí

- (168) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail amhábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeacht an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta arna lua sa nóta sin.
- (169) Ina dhiaidh sin, sa dara nóta, shonraigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfadh sé sonraí GTA (le haghaidh praghsanna allmhairiúcháin) agus MacMap (le haghaidh dleachtanna custaim) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go háirithe na hamhábhair.
- (170) Chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin Qingdao KingKing ceist faoin gcúis a bhí leis an difríocht sna figiúirí sna sonraí idir nóta 1 agus nóta 2, agus an gá le dhá bhunachar sonraí éagsúla (GTA agus MacMap) a úsáid agus d'iarr sé an ráta dleachta cruinn do gach toisc táirgeachta a úsáideadh sa phróiseas ríofa. Is é an difríocht idir an dá nóta ná go mbíonn an leibhéal idirnáisiúnta CC-6 (Córas Comhchuibhithe um aicmiú earraí) sa chéad nóta in úsáid chun infhaighteacht agus praghsanna na n-amhábhair go léir a chur i gcomparáid idir roinnt tíortha ionadaíocha féideartha. Sa dara nóta tagraítear do staidreamh na tíre ionadaíche roghnaithe ag a leibhéal custaim náisiúnta (níos mó ná CC-6 dhigit), agus a fhios aige gur ar an mbonn sin amháin ghearrann údarais custaim dleachtanna custaim. Ní foláir dleachtanna custaim a chur leis na sonraí allmhairiúcháin, ag gnáthrátaí nó rátaí fabhracha i gcás inarb amhlaidh, ó gach tír chomhpháirtíochta chun an praghas iomlán allmhairiúcháin is cruinne a ríomh. Dá bhrí sin, ní mór an dá bhunachar sonraí, atá ar fáil go héasca (féach foinsí i bhfonótaí 88 agus 89), a úsáid chun na tagarmhairc a ríomh.

- (171) D'áitigh Qingdao KingKing freisin nárbh íomchuí praghas neamhsaofa toska táirgeachta ar leith a chinneadh bunaithe ar mheánphraghas faoi chód CC áirithe i dtír ar leith. Thug sé dá aire go mbíonn gráid, cáilíochtaí agus úsáidí deiridh éagsúla táirgí cuimsithe go minic i gcód CC aonair, agus leibhéil praghsanna éagsúla ag baint le gach ceann acu. Dá bhrí sin, ní raibh sé comhsheasmhach leis na prionsabail bhunúsacha chun gnáthluach a shuí a bheith ag brath ar mheánphraghas neamhdhifreáilte do na héagsúlachtaí sin go léir. Dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh seo mar gur bhraith sé ar chóid taraife náisiúnta ón tír ionadaíoch ab íomchuí, mar a mhínítear san aithris thuas maidir leis an dara nóta. Chuir sé seo ar chumas an Choimisiúin na sonraí a scagadh ag an leibhéal is mionsonraithe maidir le haicmiú agus cur síos ar an táirge chun an comhoiriúnú is cóngaraí is féidir leis an amhábhair a úsáideann na táirgeoirí a shainaithint.

3.2.7.1. Tosca táirgeachta

- (172) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuariteanna fíorúcháin, saináithníodh na toska táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Toisc tháirgeachta	Tír ionadaíoch	Cóid thráchtála	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair					
Céir phairifín	an Tuirc	2712 20 10 2712 20 900019	Global Trade Atlas (GTA) ⁽⁹¹⁾ / MacMap ⁽⁹²⁾	16,75	Kg
Céaracha plandúla	an Téalainn	1521 10	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	81,41	Kg
Céir shintéiseach	an Téalainn	3404 90 90	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	21,66	Kg
Cumhrán	an Téalainn	3302 90	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	138,16	Kg
Coimeádáin ghloine	an Tuirc	7010 90 910011 7010 90 990011	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	1,02	Píosáí
Coimeádáin mhiotail	an Téalainn	7310 29 19 7310 29 99	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	0,82	Píosáí
Coimeádáin cheirmeacha	an Téalainn	6914 90	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	3,85	Píosáí
Pacáistíocht (roctha)	an Tuirc	4819 10	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	16,02	Kg
Páipéar laistigh (neamhrocah)	an Tuirc	4819 20 000011 4819 20 000019	Global Trade Atlas (GTA) / MacMap	31,00	Kg

⁽⁹¹⁾ <https://connect.spglobal.com/>

⁽⁹²⁾ <https://www.macmap.org/>

Toisc táirgeachta	Tír ionadaíoch	Cóid thráchtála	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach (CNY)	Aonad tomhais
Saothar					
Saothar	an Téalainn	[N/B]	Staidreamh arna fhoilsiú ag Banc Náisiúnta na Téalainne ⁽⁹³⁾	14,9	Costais saothair/uair an chloig
Fuinneamh					
Leictreachas	an Téalainn	[N/B]	Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne ⁽⁹⁴⁾	1,15	kWh

(173) Chuir an Coimisiún luach ar fhorchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún na costais mhonaraíochta arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar costas iad nár áiríodh sa toisc táirgeachta aonair thuas, amhail dímhéas agus costais chothabhála.

3.2.7.1.1. Amhábhair

(174) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora ó thír ionadaíoch, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.

(175) Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁵⁾.

(176) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i roinn 3.2.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(177) De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(178) Nuair a mhaígh táirgeoirí onnmhairiúcháin gur allmhairigh siad tosca táirgeachta ar phraghsanna neamhshaofa, d'fhóirigh an Coimisiún na sonraisc chomhfhreagracha agus rinne sé cigireacht ar na stórais inar stóráladh na hamhábhair allmhairithe. I gcás ina bhféadfadh an Coimisiún a shuí gur allmhairíodh tosca táirgeachta go hiomlán ar phraghsanna neamhshaofa — mar shampla, nuair a foinsíodh iad go díreach ó tháirgeoirí amhábhair lasmuigh den tSín — glacadh leis na praghsanna sin agus níor cuireadh luachanna tagarmhairc ina n-ionad. Bhain sé sin le hábhair nach raibh ar fáil ar mhargadh na Síne agus dá bhrí sin níor mhór iad a allmhairiú.

3.2.7.1.1.1. Aonaid tomhais

(179) Thug an Coimisiún dá aire gur úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin aonaid tomhais éagsúla ag brath ar an ábhar. Chun an chomparáid is cruinne a áirithiú, roghnaigh an Coimisiún tagarmharcanna san aonad cuí. I gcás fhormhór

⁽⁹³⁾ (https://app.bot.or.th/BTWS_STAT/statistics/BOTWEBSTAT.aspx?reportID=636&language=ENG)

⁽⁹⁴⁾ <https://www.mea.or.th/en/our-services/mea-service/e-service/electric-monthly-calculate/type4>.

⁽⁹⁵⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj>). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

na n-ábhar, céir phairifín san áireamh, bhí na tagarmharcanna i gcileagraim, agus i gcás coimeádáin ghloine, coimeádáin mhiotail agus coimeádáin cheirmeacha, bhí na tagarmharcanna de réir píosaí. Roghnaíodh na haonaid tomhais chun na haonaid a bhíonn in úsáid ag na cuideachtaí ina gcuid gcostas monaraíochta a mheaitseáil.

3.2.7.1.1.2. Socruithe dolaphróiseála

- (180) Bhain roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin úsáid as dolaphróiseálaithe chun cuid de na coinne a mhonarú. Sholáthair na dolaphróiseálaithe an saothar agus i gcásanna áirithe roinnt amhábh. Le haghaidh na seirbhíse sin, d'eisigh an dolaphróiseálaí táille dola nó próiseála.
- (181) Chun an táille dola a chomhshó go luach chostas forluiteach an tsaothair agus/nó na n-amhábh, bhí gach cineál coinne a raibh dolaí in úsáid ina leith sainitheanta agus nasctha leis an socrú dolaphróiseála.
- (182) Maidir le cásanna nár léiríodh an táille dola ach saothar iontu, rinneadh an táille dola a chomhshó go luach comhfhreagrach don saothar, tar éis céatadán cothrom a asbhaint ar dtús le haghaidh costais SGA agus brabúis a thabhaigh an dolaphróiseálaí. Ina dhiaidh sin, rinneadh an luach comhshóite a ath-chomhshó go huairienteanta an chloig saothair, agus costas/uair an chloig saothair an táirgeora onnmhairiúcháin féin in úsáid.
- (183) I gcásanna inar léirigh an táille dola costais saothair agus costas amhábh araon, rinneadh an táille dola a chomhshó go luach comhfhreagrach do saothar agus d'amhábh, tar éis céatadán cothrom a asbhaint ar dtús le haghaidh costais SGA agus brabúis a thabhaigh an dolaphróiseálaí.
- (184) Má rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin coinneal den chineál céanna leis an dolaphróiseálaí a mhonarú, úsáideadh an leithdháileadh idir costais saothair agus costais éagsúla na n-amhábh le haghaidh táirge den chineál sin.
- (185) Mura ndearna táirgeoir onnmhairiúcháin coinneal den chineál céanna leis an dolaphróiseálaí a mhonarú, úsáideadh an leithdháileadh foriomlán idir costais saothair agus costais éagsúla na n-amhábh don táirgeoir onnmhairiúcháin ar fad.
- (186) Sa dá chás, rinneadh luachanna comhshóite na n-amhábh agus an tsaothair a ath-chomhshó ina dhiaidh sin go huairienteanta an chloig saothair agus tomhaltas amhábh, agus costas/uair an chloig saothair agus praghas/kg nó píosa an táirgeora onnmhairiúcháin féin faoi seach in úsáid.

3.2.7.1.1.3. Céir phairifín

- (187) Mar a mhínítear in alt 3.2.6.3, ní fhéadfaí an tagarmharc le haghaidh céir phairifín, an príomh-amhábh i dtáirgeacht na gcoinne, a fhoinsiú ón tír ionadaíoch, eadhon an Téalainn.
- (188) Ba de thionscnamh na Síne níos mó ná 58 % de na hallmhairí céarach a tháinig isteach sa Téalainn. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur chuir praghas saofa na Síne brú anuas ar phraghsanna ó thíortha eile ós rud é go raibh an praghas allmhairiúcháin ó thíortha eile an-chosúil le praghsanna allmhairiúcháin ón tSín. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an praghas sin a úsáid agus measadh staidreamh allmhairiúcháin ón Tuirc a bheith níos iomchuí, áit ar lú ná 15 % na hallmhairí ón tSín. Níor aimsigh an Coimisiún aon chomhartha a léirigh go raibh brú anuas á fheidhmiú ag allmhairí Síneacha sa Tuirc.
- (189) Chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne in aghaidh an chur chuige sin, agus dhearbhaigh siad ina n-aighneachtaí go raibh méid iomlán na n-allmhairí céarach nach ón tSín iad níos ísle sa Tuirc ná sa Téalainn. Mar sin féin, mar a mhínítear san aithris thuas, chinn an Coimisiún go raibh leibhéal na bpraghsanna sa Téalainn saofa, agus nár bh amhlaidh a bhí i gcás praghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.
- (190) D'éiligh Qingdao Kingking freisin gur cheart pairifín sintéiseach a eisiáil ón tagarmharc céarach gan aon údar a thabhairt ina leith sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éilimh sin.

- (191) D'éiligh Qingdao Kingking freisin gur cheart allmhairí isteach sa Tuirc ón Afraic Theas agus ón bPolainn a eisiamh ó staidreamh na Tuirce, mar gheall ar na hallmhairí troma ón tSín chuig na tíortha sin. Níor mhínigh ná níor chainníochtaigh Qingdao Kingking an nasc idir allmhairí isteach sa tír agus a phraghsanna onnmhairiúcháin chuig an Tuirc, agus dá bhrí sin diúltaíodh don éileamh sin.

3.2.7.1.1.4. Coimeádáin ghloine

- (192) Mar a mhínítear in alt 3.2.6.3, ní fhéadfaí an tagarmharc le haghaidh coimeádáin ghloine a fhoinsiú ón tír ionadaíoch, an Téalainn.
- (193) Ba de thionscnamh tíortha eile seachas an tSín níos lú ná 15 % líon iomlán na gcoimeádán gloine a d'allmhairigh an Téalainn. I gcodarsnacht leis sin, sa Tuirc, ba de thionscnamh foinsí neamh-Shíneacha breis is 73 % de na hallmhairí sin. Léirigh an difríocht shuntasach idir praghsanna allmhairiúcháin na Tuirce ón tSín agus ó thíortha eile nach raibh tionchar ag praghsanna na Síne ar na tíortha sin.
- (194) Ina theannta sin, sa staidreamh ón Tuirc bhí sonraí níos mionsonraithe ar fáil arna sloinneadh de réir píosáí, a d'fhéadfaí a ailíniú leis na haonaid a bhíonn in úsáid ag táirgeoirí onnmhairiúcháin.

3.2.7.1.1.5. Pacáistíocht pháipéir

- (195) Mar a mhínítear in alt 3.2.6.3, ní fhéadfaí an tagarmharc le haghaidh pacáistíocht pháipéir a fhoinsiú ón tír ionadaíoch, eadhon an Téalainn.
- (196) Ba de thionscnamh tíortha eile seachas an tSín níos lú ná 27 % den mhéid iomlán pacáistithe páipéir a d'allmhairigh an Téalainn. I gcodarsnacht leis na hallmhairí isteach sa Tuirc, ar de thionscnamh tíortha eile seachas an tSín breis is 88 % de na hallmhairí sin. Léirigh an difríocht shuntasach idir praghsanna allmhairiúcháin na Tuirce ón tSín agus ó thíortha eile nach raibh tionchar ag praghsanna na Síne ar na tíortha sin.
- (197) Ina theannta sin, mar gheall ar staidreamh ón Tuirc, bhíothas in ann an páipéar a scoilteadh ina phacáistíocht rocach agus ina phacáistíocht neamhrocach, a chomhoiriúnaíonn go dlúth leis na tosca táirgeachta arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin.

3.2.7.1.1.6. Céir shintéiseach

- (198) Mhaígh Qingdao KingKing gur cheart allmhairí céarach sintéisí isteach sa Téalainn ón nGearmáin, ón tSeapáin agus ó Shingapór a eisiamh ón ríomh tagarmhairc, toisc go bhféadfaí iad a úsáid le haghaidh taighde míleata agus eolaíoch.
- (199) Measann an Coimisiún nach bhfuil bunús leis an éileamh sin, toisc nár thug Qingdao KingKing aon bhunús breise lena éileamh.

3.2.7.1.1.7. Coimeádáin cheirmeacha

- (200) Ina chuid barúlacha, d'éiligh Qingdao KingKing go ndéanfaidh an Coimisiún neamhaird ar allmhairí ó thíortha áirithe mar gheall ar na praghsanna a mheas sé a bheith thar a bheith ard toisc go líomhnaítear gur ceirmeacht ardchaighdeán iad a úsáidtear le haghaidh cuspóirí eile seachas coinnle.
- (201) In éagmais aon fhaisnéise breise ná fianaise bhreise, mheas an Coimisiún nach raibh aon bhunús leis an éileamh seo agus dhiúltaigh sé dó.

3.2.7.1.1.8. Barúlacha eile

- (202) Maidir le dleachtanna allmhairiúcháin is infheidhme maidir le hallmhairí na dtosca táirgeachta áiríodh iad sin sa phraghas tagarmhairc a úsáideadh.

- (203) An costas iompair arna thabhtú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhair sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhair céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhair an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhair nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.7.1.1.9. Tomhaltáin

- (204) Thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin na mílte ionchur táirgthe éagsúil. Deimhníodh i bhfíorú a rinneadh, go háirithe i réimse na gcoinne maisiúla, go raibh luach diomaibhseach ag go leor de na hionchuir seo ina n-aonar agus nach bhféadfaí iad a ghrúpáil go héasca i gcatagóirí sonracha ná a aicmiú faoi chód CC, rud a fhágann go bhfuil sé beagnach dodhéanta praghas tagarmhairc réasúnta a shainaitheint dóibh. Dá bhrí sin, rinneadh na tosca táirgeachta uile a léiriú níos lú ná 1,5 % den chostas táirgeachta iomlán a ghrúpáil faoi chatagóir na dtomhaltáin. Cuireadh na páirtithe ar an eolas faoi seo sa dara nóta.
- (205) Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltáin ar chostas iomlán na n-amhábhair agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhair agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí á n-úsáid aige.
- (206) D'éiligh Qingdao Kingking gur cheart roinnt amhábhair a choimeád lena dtosca praghsanna táirgeachta féin, nó a gcód CC tosaigh ón gcód nóta a áireamh. Dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh sin sa chéim shealadach toisc gur bhain sé sin le tosca táirgeachta nach raibh aon chion suntasach acu ar na costais táirgthe.

3.2.7.1.2. Saothar

- (207) Maidir le costais saothair ⁽⁹⁶⁾, foilsíonn Banc Náisiúnta na Téalainne faisnéis mhionsonraithe faoi phá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Téalainn. D'úsáid an Coimisiún an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin le haghaidh an mheánchostais saothair san earnáil monaraíochta phríobháideach.

3.2.7.1.3. Leictreachas

- (208) Is iad Bord Infheistíochta na Téalainne agus Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne a fhoilsíonn praghas an leictreachais do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn ⁽⁹⁷⁾. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha mar mheán ualaithe idir praghsanna buaice agus seachbhuaice in THB/kWh, lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí na sonraí a bhaineann leis sin i gceangal leis an dara nóta.
- (209) Mhol Qingdao Kingking go ndéanfaí an costas leictreachais a oiriúnú, toisc go raibh sé níos airde ná mar a bhí in úsáid ag an gCoimisiún san imscrúdú frithdhumphála maidir le hallmhairí ceanglóirí ón tSín (AD676).
- (210) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ríomh an leictreachais agus shainaithe sé earráid i gcur i bhfeidhm an tsásra choigeartaithe Ft (Taraif Bhreosla). Mar thoradh air sin, cheartaigh an Coimisiún an earráid agus rinne sé athbhreithniú ar phraghas an leictreachais dá réir.
- (211) D'éiligh Qingdao Kingking freisin, ós rud é go n-úsáideann sé roinnt cumhachta fótavoltach forlíontach le linn a tháirgthe, gur cheart don Choimisiún praghas PV sa Téalainn a sholáthar. Mheas an Coimisiún, áfach, nach raibh an maíomh sin ábhartha chun an tagarmharc leictreachais a chinneadh. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil an tagarmharc leictreachais ceaptha chun meánphraghas neamhshaofa an leictreachais atá ar fáil d'úsáideoirí tionsclaíocha sa tír ionadaíoch a léiriú, seachas foinsí leictreachais cuideachta-shonracha nó féinghinte. Ní cuid den eangach leictreachais phoiblí ná den eangach leictreachais tráchtála é leictreachas fótavoltach, go háirithe nuair a dhéantar é a fhéintáirgeadh, agus dá bhrí sin ní hionann é agus tagarmharc iontaofa ná tagarmharc atá infheidhme go ginearálta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

⁽⁹⁶⁾ (https://app.bot.or.th/BTWS_STAT/statistics/BOTWEBSTAT.aspx?reportID=636&language=ENG)

⁽⁹⁷⁾ https://www.boi.go.th/index.php?page=utility_costs agus <https://www.mea.or.th/en/our-services/tariff-calculation/lateststf>.

- (212) Chuir Ningbo Kwung's Home in aghaidh an mhodha chun an tagarmharc leictreachais a shuí. D'áitigh siad nach ionann na bandaí tomhaltais i gCúige Zhejiang agus na bandaí ídithe sa Téalainn, áit a ndéanann an Taraif Am Úsaide idirdhealú idir buaicuaireanta idir 9:00 AM agus 10:00 PM agus go raibh gá an modh a athrú.
- (213) Chinn an Coimisiún gurb é an modh a bhí in úsáid an ceann ab oiriúnaí a bhí ar fáil, toisc gurb é is cruinne a léiríonn praghsáil an leictreachais a thabhoirí dá ndéanfaí an táirgeadh sa tír ionadaíoch. Ina theannta sin, is iondúil go dtarlaíonn an t-ídiú leictreachais le haghaidh táirgeadh coinnle le linn uaireanta oibríocháin na monarchan, atá comhthráthach leis an taraif bhuaictomhaltais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don éileamh.

3.2.7.1.4. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, agus brabús

- (214) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *"áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaoifa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús"*. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostais monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.
- (215) Sa chéad nóta, thug táirgeoir onnmhairiúcháin amháin le fios gur fochuideachta de chuid ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhsamplaíle sa tSín ceann de na cúig tháirgeoir coinnle sa Téalainn a raibh an Coimisiún in ann sonraí airgeadais a aisghabháil ina leith agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag a shuíomh i gcrios forbartha eacnamaíoch speisialta idir an tSín agus an Téalainn agus rochtain ar amhábhair óna mháthairchuideachta atá lonnaithe sa tSín ar a fheidhmíocht airgeadais.
- (216) Ghlac an Coimisiún leis an éileamh sin agus dá bhrí sin níor thug sé aird ar shonraí an táirgeora sin ón Téalainn chun na costais SGA agus an brabús a chinneadh.
- (217) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go ndéanadh sé costais SGA agus brabús a shuí ar bhonn na faisnéise atá ar fáil go poiblí. Chuige seo, léirigh beirt de na ceithre tháirgeoir coinnle eile a raibh sonraí ar fáil dóibh sa Téalainn, corrlach brabúis níos lú ná 1 %. Luaigh tionscal an Aontais é seo ina aighneacht freisin. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún an dá tháirgeoir coinnle sin a eisiáil agus ríomh na gcostas SGA agus an bhrabúis a bhunú ar mheán simplí an dá cheann eile a bhí fágtha.
- (218) Chun méid neamhshaoifa agus réasúnta a shuí i gcomhair costais SGA agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar shonraí airgeadais don bhliain 2023 i leith dhá tháirgeoir coinnle sa Téalainn arna mbaint as Orbis. Tá meán ualaithe den dá tháirgeoir coinnle arna ghlacadh ag an gCoimisiún.
- (219) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhrí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaoifa na monaraíochta.

3.2.8. Ríomh

- (220) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (221) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaoifa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaoifa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhrí thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'íolraigh an Coimisiún na tosca úsaide faoi na costais neamhshaoifa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch.
- (222) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais na monaraíochta le costas neamhshaoifa na monaraíochta chun teacht ar na costais neamhshaoifa táirgeachta.
- (223) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús i bhfeidhm mar a fhaightear ón dá tháirgeoir coinnle sa Téalainn dá dtagraítear in aithris (218).

- (224) Ba é 14 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 7 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.
- (225) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. An praghais onnmhairiúcháin

- (226) Ba é an praghais onnmhairiúcháin an praghais a íocadh iarbhrí nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. Comparáid

- (227) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghais onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltais a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht pragsanna.
- (228) Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghais onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéil na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear tuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an praghais onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais chuig an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht pragsanna.

3.4.1. Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach

- (229) Mar a mhínítear in aithris (225), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.
- (230) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.4.2. Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghais onnmhairiúcháin

- (231) Chun an praghais onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairiúcháin eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.
- (232) Dhíol na táirgeoirí sampláilte an táirge lena mbaineann idir go díreach nó trí thrádálaithe comhlachaithe lena onnmhairiú chuig an Aontas. Sa chás deireanach sin, i.e. i gcás ina ndearnadh díolacháin trí thrádálaithe comhlachaithe atá lonnaithe sa tSín nó i Hong Cong, shuigh an Coimisiún gur chomhlíon an trádálaí atá i gceist feidhmeanna atá cosúil le feidhmeanna gníomhaire atá ag obair ar bhonn coimisiúin. I ngach cás bhí na trádálaithe ag oibriú i gcomhthráth le roinn díolacháin an táirgeora onnmhairiúcháin agus bhí marcáil suas á fháil acu as a bhfeidhmeanna. Bhí na trádálaithe ag trádáil táirgí eile seachas an táirge lena mbaineann freisin agus cheannaigh siad freisin an táirge lena mbaineann ó thríú páirtithe nár mhonaraigh an táirgeoir onnmhairiúcháin. Ar deireadh, bhí an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin ag onnmhairiú an táirge lena mbaineann go díreach chuig an Aontas freisin, chomh maith leis an táirge lena mbaineann agus táirgí eile chuig tríú tíortha, agus dá bhrí sin bhí a ranna onnmhairiúcháin féin acu.
- (233) Coigeartaíodh pragsanna na n-idirbheart ábhartha chun coimisiún a chur san áireamh de bhun Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán.
- (234) Maidir leis na hidirbhearta trádála sin, d'fhoinsigh an Coimisiún costais SGA ó gach trádálaí comhlachaithe faoi seach.
- (235) Suíodh an corrlach brabúis ar leithligh do gach trádálaí faoi seach. In éagmais comhair ó thrádálaí neamhchomhlachaithe, foinsíodh é ón mbrabús a fuarthas nuair a cheannaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin coinnele ó sholáthraithe neamhchomhlachaithe sa tSín agus ina dhiaidh sin gur athdhíol sé na coinnele sin le custaiméirí neamhspleácha san Aontas. Rinneadh an ríomh ar leibhéal PCN nó ar leibhéal an fho-PCN chun pragsanna ceannaigh agus athdhíola meaitseála a fháil.

3.5. Corrlaigh dhumpála

- (236) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (237) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha

Tábla 2

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	10,6 %
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd. Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	70,9 %
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd.	57,5 %

- (238) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus *de minimis* acu.
- (239) Ar an mbonn sin, is é 55,5 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.
- (240) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (241) Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, sampláilte agus neamhshampláilte, chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn staidreamh allmhairiúcháin ó Eurostat.
- (242) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 80 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ina theannta sin, meastar go bhfuil an tionscal ilroinnte. Ar an mbonn sin, cinneann an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.
- (243) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	10,6 %
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd. Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	70,9 %
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd.	57,5 %

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Cuideachtaí comhoibríocha eile	55,5 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	70,9 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (244) Rinne níos mó ná 80 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (245) Suíodh gur thart ar 484 048 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail sonraí sa fhreagra a thug an gearánach ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais agus na freagraí ar an gceistneoir a fuarthas ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Bhí thart ar 16 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas.

4.2. Tomhaltas an Aontais

- (246) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas: (a) sonraí a chuir an gearánach isteach maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas, arna gcros-seiceáil leis na méideanna díolachán a thuairiscigh na táirgeoirí sampláilte ón Aontas; agus (b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú ó gach tríú tír, mar a thuairiscítear in Eurostat.
- (247) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 3

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	736 442	751 713	600 391	617 001
<i>Imnéacs</i>	<i>100</i>	<i>102</i>	<i>82</i>	<i>84</i>

Foinse: An gearánach, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus Eurostat

- (248) Tháinig laghdú 16 % ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn anailís mhionsonraithe gur tháinig méadú 2 % ar thomhaltas an Aontais ó 2021 go 2022, agus gur thit sé go suntasach ina dhiaidh sin in 2023. Ó 2023 suas leis an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 2 % ar thomhaltas ach d'fhan sé 15 % faoi bhun thús na tréimhse faoi bhreathnú.
- (249) Le linn phaindéim COVID-19 agus na mblianta ina dhiaidh sin, 2021 agus 2022, tháinig méadú ar thomhaltas coinnle san Aontas. Maíodh gur athruithe in iompar tomhaltóirí ba chúis leis an ardú sin, go háirithe mar gheall ar thréimhsí fada coinneála sa bhaile, rud a d'fhág go raibh leibhéal níos airde spéise i maisiú tí. Tar éis na bliana 2022, chonacthas laghdú ar thomhaltas, mar a mhionsonraítear thuas.

4.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

- (250) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéid na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(251) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Cainníocht na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	97 764	137 953	116 036	136 548
<i>Innéacs</i>	100	141	119	140
Sciar den mhargadh	13 %	19 %	20 %	22 %
<i>Innéacs</i>	100	138	146	167

Foinse: Eurostat

(252) Tháinig méadú ó 97 764 tona go 136 548 tona, sin méadú 40 %, ar allmhairí ón tír lena mbaineann thar an tréimhse faoi bhreathnú. Tar éis ardú suntasach in 2022, nuair a shroich allmhairí buaicphointe ag 137 953 tona, méadú 41 % i gcomparáid le 2021, tháinig laghdú ar na méideanna in 2023 go 116 036 tona sular tháinig méadú orthu arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba é 40 % an méadú foriomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(253) Tháinig méadú ó 13 % go 22 %, méadú de 67 %, ar an sciar den mhargadh de na hallmhairí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann: sladghearradh praghsanna agus sochtadh praghsanna

(254) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibriúchá, arb ionann iad agus 52 % d'allmhairí ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(255) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 5

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/ tona)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An tSín	2 595	3 081	2 601	2 516
<i>Innéacs</i>	100	119	100	97

Foinse: Eurostat

(256) Tháinig laghdú 3 % ar mheánphraghsanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú thart ar 19 % ar phraghsanna sa tslí gur 3 081 EUR/tona an praghas a sroicheadh in 2022. Ina dhiaidh sin, bhí titim in 2023, agus thit praghsanna go 2 601 EUR/ tona, agus tháinig laghdú eile orthu ina dhiaidh sin go 2 516 EUR/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

- (257) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh an chineáil táirge a bhí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha; agus na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméirí neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.
- (258) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 16,7 % agus 43,2 % a bhain le cuid mhór de na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.
- (259) Chomh maith le sladghearradh praghais, bhí sochtadh mór praghsanna ann freisin de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Mar gheall ar an mbrú suntasach praghsanna arb iad na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ó tháirgeoirí onnmhairsiúcháin na Síne ba chúis leis, ní raibh tionscal an Aontais in ann na praghsanna díola a ardú le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomhréir le forbairt na gcostas táirgeachta agus chun leibhéal réasúnta brabúis a bhaint amach, mar a leagtar amach i dTábla 9 anseo thíos. Deimhnítear an sochtadh praghsanna suntasach freisin leis an ngearrdhíol praghais a fuarthas ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairsiúcháin sampláilte.

4.5. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

4.5.1. Barúlacha ginearálta

- (260) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (261) Mar a luaitear i roinn 1.5.1, baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.
- (262) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagra a thug na gearánaigh ar an gceistneoir a bhain le gach táirgeoir de chuid an Aontais, agus rinneadh cros-seiceáil orthu nuair ba ghá le freagraí a thug táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Ós rud é gur beirt tháirgeoirí de chuid an Aontais a bhí sa sampla de tháirgeoirí Aontais agus chun rúndacht a áirithiú, cuirtear na táscairí micreacnamaíocha ar fáil i raonta. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.
- (263) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.
- (264) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. Táscairí maicreacnamaíocha

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(265) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	679 505	623 147	524 690	484 048
Innéacs	100	92	77	71
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	1 239 777	1 249 136	1 071 090	1 074 502
Innéacs	100	101	86	87
Úsáid acmhainneachta (%)	55	50	49	45
Innéacs	100	91	89	82

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh

(266) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú comhréireach suntasach ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le laghdú foriomlán de 29 %. Ó 2021 go 2022, tháinig laghdú 8 % ar an táirgeacht. Cuireadh dlús leis an treocht anuas sin in 2023, agus tháinig laghdú 23 % ar tháirgeacht i gcomparáid le 2021. Lean an laghdú sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ag an am sin bhí laghdú 29 % tagtha ar tháirgeacht i gcomparáid leis an méid táirgeachta in 2021.

(267) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú foriomlán 13 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais. Cé gur fhan an acmhainneacht cobhsaí ó 2021 go 2022, tháinig laghdú suntasach uirthi ó 2022 go 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise an laghdaithe i méid na táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, thit úsáid acmhainneachta ó 55 % in 2021 go dtí 45 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.2.2. Caimníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(268) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Caimníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	592 656	570 013	451 887	448 151
Innéacs	100	96	76	76
Sciar den mhargadh (%)	80	76	75	73

Foinse: An gearánach, táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus Eurostat

(269) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú comhréireach agus suntasach 24 % ar an méid iomlán díolachán i dtionscal an Aontais ina iomláine.

(270) I bhfianaise an laghdaithe i méid na ndíolachán, tháinig laghdú 7 % san iomlán ar sciar den mhargadh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, le treocht meathlaithe do-athraitheach, rud a chuir laghdú ar láithreachth thionscal an Aontais sa mhargadh ó 80 % de sciar den mhargadh in 2021 go 73 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.2.3. Fás

(271) I gcomhthéacs margadh a bhí ag crapadh agus tomhaltas san Aontas ag meath, léirítear sna sonraí gur bhain caillteanais shuntasacha do thionscal an Aontais i dtaca le táirgeacht, méid díolachán agus sciar den mhargadh – laghduithe a sháraigh crapadh foriomlán an mhargaidh (-16 %). Tháinig meath níos géire ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ná ar fheidhmíocht an mhargaidh, rud a léiríonn staid leochaileach an tionscail le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(272) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	10 831	10 530	9 093	9 597
Innéacs	100	97	84	89
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	63	59	58	50
Innéacs	100	94	92	80

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí ón Aontas a sampláladh

(273) Tháinig laghdú 11 % ar fhostaíocht i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thit líon iomlán na bhfostaithe ó 10 831 in 2021 go 9 597 le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(274) In ainneoin laghdú ar fhostaíocht, tháinig laghdú 20 % ar tháirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna thomhas i dtónaí a tháirgtear in aghaidh an fhostaí in aghaidh na bliana, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar gheall ar laghdú suntasach ar tháirgeacht. Cé go ndearna tionscal an Aontais iarrachtaí a lucht saothair a oiriúnú, sháraigh an titim sa táirgeacht na coigeartuithe seo, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an táirgiúlacht fhoriomlán.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(275) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhir ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

- (276) Bhí an táirge lena mbaineann faoi réir imscrúdú frithdhumpála a rinneadh roimhe seo. Tar éis imscrúdú tosaigh, rinneadh dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ar an táirge lena mbaineann in 2009 ⁽⁹⁸⁾. Rinneadh na bearta sin a aisghairm tar éis athbhreithniú éaga in 2015 ⁽⁹⁹⁾. Ós rud é nach raibh na bearta sin i bhfeidhm a thuilleadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh an fhianaise roimhe sin maidir le dumpáil agus na dleachtanna gaolmhara ábhartha a thuilleadh don mheasúnú ar dhíobháil i gcomhthéacs an imscrúdaithe reatha.

4.5.3. Táscairí micreacnamaíocha

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

- (277) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

—Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/ tona)	2 000 – 2 500	2 500 – 3 000	2 500 – 3 000	2 500 – 3 000
<i>Innéacs</i>	100	130	131	124
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/ tona)	1 500 – 2 000	2 000 – 2 500	2 500 – 3 000	2 000 – 2 500
<i>Innéacs</i>	100	123	148	142

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (278) Tháinig luaineacht i bpraghsanna díola ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh méadú foriomlán 24 % sa deireadh thiar. In 2022, tháinig ardú gear 30 % ar phraghsanna go príomha mar gheall ar an ardú ar chostais ionchuir. Coinníodh an buaicleibhéal sin le linn 2023. Cé gur tháinig meath ar an meánphraghas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan sé 24 % níos airde ná mar a bhí sé in 2021.

- (279) Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 42 % ar chostas táirgeachta in aghaidh an aonaid de na táirgeoirí sampláilte ón Aontas. Ó 2021 go 2022, bhí méadú suntasach 23 % ann. Lean an treocht sin in 2023 le méadú breise 25 %, sular tháinig laghdú uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, tháinig méadú 42 % ar an gcostas táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é ba mhó a spreag sin an fhorbairt ar phraghsanna amhábhbar agus neamhábhaltacht na gcuideachtaí leas iomlán a bhaint as barainneachtaí scála mar gheall ar laghdú ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht.

⁽⁹⁸⁾ Rialachán (CE) Uimh. 393/2009 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí coinnle, fáideog áirithe agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin, (IO L 119, 14.5.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/393/oj>).

⁽⁹⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1361 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí coinnle, fáideog áirithe agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) ón gComhairle Uimh. 1225/2009, (IO L 210, 7.8.2015, lch. 3, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1361/oj).

4.5.3.2. Costais saothair

(280) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	25 000 – 30 000	25 000 – 30 000	30 000 – 35 000	30 000 – 35 000
<i>Innéacs</i>	<i>100</i>	<i>101</i>	<i>113</i>	<i>119</i>

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(281) Tháinig méadú 19 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur fhan costais saothair réasúnta cobhsaí idir 2021 agus 2022, tháinig méadú suntasach orthu in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, go príomha mar gheall ar bhoilsciú.

4.5.3.3. Fardail

(282) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Stoic

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	10 000- 12 000	15 000 – 16 000	16 000 – 17 000	22 000 – 23 000
<i>Innéacs</i>	<i>100</i>	<i>139</i>	<i>150</i>	<i>197</i>
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	13	15	19	28
<i>Innéacs</i>	<i>100</i>	<i>118</i>	<i>149</i>	<i>223</i>

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(283) I ndearbhthearmaí, tháinig méadú comhréireach agus suntasach 197 % ar stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Agus é arna choigeartú le haghaidh leibhéil táirgeachta, tháinig ardú 123 % ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(284) Ba cheart go ndéanfaí an méadú a chonacthas ó 2023 suas leis an tréimhse imscrúdúcháin a léirmhíniú go cúramach, toisc go bhfuil earnáil na gcoinne an-séasúrach, agus cuid mhór de na díolacháin ag tarlú i míonna deiridh na bliana. Ós rud é gur tugadh an tréimhse imscrúdúcháin i gcrích i mí Dheireadh Fómhair, féadfaidh sé go bhfuil rómheastachán déanta ar an méadú ar stoic i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin. Mar sin féin, fiú agus saobhadh séasúrach féideartha á chur san áireamh, bhí an t-ardú i leibhéil stoic fós suntasach.

(285) Cuireann an méadú foriomlán sin ar stoic béim ar mhíchothromaíocht shuntasach idir táirgeacht agus díolacháin. Tugann an treocht le fios, in ainneoin iarrachtaí chun táirgeacht a ailíniú leis an éileamh, gur léiriú é an carnadh fardail neamhdhíolta ar na dúshláin thromchúiseacha maidir le rochtain a fháil ar an margadh.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(286) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	9 -11	16 -18	4 -5	3 -4
<i>Innéacs</i>	100	155	44	32
Sreabhadh airgid (EUR)	25 507 524	46 364 882	12 123 379	11 985 098
<i>Innéacs</i>	100	182	48	47
Infheistíochtaí (EUR)	7 500 000 - 10 000 000	12 500 000 - 15 000 000	2 500 000 - 5 000 000	5 000 000 - 7 500 000
<i>Innéacs</i>	100	141	42	56
Toradh ar infheistíochtaí (%)	150 -160	170 -180	10 -20	2 - 8
<i>Innéacs</i>	100	115	8	3

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(287) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus é ag titim ó 9 %-11 % in 2021 go thart ar 3 % - 4 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh anailís mhionsonraithe méadú sealadach ar bhrabúsacht go 16 % - 18 % in 2022, agus ina dhiaidh sin laghdú gearr go 4 % - 5 % in 2023 a lean ar aghaidh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(288) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 53 % ar an nglansreabhadh airgid. Tháinig méadú air ó 2021 go 2022, arna spreagadh ag brabúsacht fheabhsaithe, ach ansin thit sé go gearr in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn an meath ar fheidhmíocht airgeadais.

(289) Tháinig laghdú 44 % ar leibhéal na n-infheistíochtaí bliantúla le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú suntasach 41 % air idir 2021 agus 2022, ach tháinig laghdú air níos déanaí sa tréimhse ina dhiaidh sin go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an méadú ar infheistíochtaí dírithe go príomha ar ath-leithdháileadh a dhéanamh ar acmhainneacht atá ann cheana féin agus sócmhainní táirgeachta riachtanacha a athsholáthar. Lean an infheistíocht in ainneoin iomaíocht ghéar, sciar den mhargadh a cailleadh agus staid dheacair airgeadais.

(290) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach chun cinn le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag titim ó 150 %-160 % in 2021 go 2 %-8 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is éard a léiríonn an fhorbairt dhiúltach, cé gur leanadh den infheistíocht d'fhonn an t-iomaíocht a choimeád ar bun, go bhfuil na torthaí ar na hinfeistíochtaí sin tar éis titim go mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6. Conclúid maidir le díobháil

- (291) I gcomhthéacs laghdú nach beag ar thomhaltas an Aontais (-16 %), tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 40 %), ar phraghsanna a rinne sladghearradh nach beag ar phraghsanna thionscal an Aontais. Mar gheall air sin, cuireadh ar chumas tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne sciar 22 % den mhargadh a bhaint amach sa tréimhse imscrúdúcháin (aníos ó 13 % in 2021).
- (292) Sna himthosca sin, chuaigh staid eacnamaíoch an Aontais in olcas, faoi mar a léirítear sna príomhtháscairí maicreacnamaíocha go léir a bhfuil treocht dhiúltach le sonrú orthu: táirgeacht (-29 %), díolacháin an Aontais (-24 %) agus laghdú nach beag ar a sciar den mhargadh (ó 80 % go 73 %) sa tréimhse faoi bhreathnú.
- (293) Mar fhreagairt ar an mbrú a bhí ann ó allmhairí íseal-praghsáilte ón tSín, d'fhéach tionscal an Aontais le costais a laghdú agus rinneadh coigeartuithe fostaíochta (-11 %). Mar sin féin, mar thoradh ar an mbrú de bharr allmhairí dumpáilte de chuid na Síne i dtéarmaí na méideanna méadaithe agus na bpraghsanna ísle, tháinig laghdú tapa ar dhíolacháin, ar tháirgiúlacht agus ar thoradh ar infheistíochtaí de chuid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú ag ráta a bhí níos tapa ná an laghdú ar thomhaltas a tugadh faoi deara.
- (294) Tháinig méadú suntasach ar chostas táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 42 %), go príomha mar gheall ar an méadú mór sna praghsanna amhábharr.
- (295) Tháinig méadú níos mó ar chostas thionscal an Aontais ná ar a phraghsanna díola, agus dá bharr sin, thit an bhrabúsacht sa tréimhse faoi bhreathnú, ó 9 % - 11 % in 2021 go cás díobhálach (+3 % go +4 %) sa tréimhse imscrúdúcháin. Ghearr na hallmhairí Síneacha faoi phraghsanna an Aontais go seasta, rud a chuir brú mór anuas ar phraghsanna an mhargaidh agus a bhí ina chúis le sochtadh praghsanna.
- (296) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

- (297) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus tomhaltas an Aontais.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

- (298) Tharla an meath ar staid eacnamaíoch ar thionscal an Aontais i gcomhthráth le méadú suntasach méadaitheach ar an líon allmhairí ón tSín ag dul i bhfód ar an margadh, a rinne sladghearradh go comhsheasmhach ar phraghsanna thionscal an Aontais. I ndáil leis an méid sin, chuir forbairt ar na méideanna agus na praghsanna allmhairiúcháin faoi mar a léirítear i dTábla 4 agus 5 leibhéil sochta ar phraghsanna i dtionscal an Aontais, agus bunaíodh nasc cúisíoch idir an bheirt dá bharr.
- (299) Tháinig méadú 40 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 97 764 tona in 2021, sin sciar 13 % den mhargadh, go 136 548 tona, sciar arbh fhiú 22 % den mhargadh, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh na hallmhairí méadaitheacha sin ar phraghsanna níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus i gcás ar bith ar leibhéil praghsanna ba chúis le sochtadh praghsanna, ó tharla nach bhféadfadh tionscal an Aontais a chuid praghsanna féin a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgeachta. Ar an gcaoi chéanna, mar gheall ar an meath i sciar den mhargadh agus i méid na ndíolachán, a d'fhág ar a sheal go raibh laghdú ar aschur táirgeachta ina dhiaidh sin, imríodh tionchar díobhálach ar chostais táirgeachta aonaid an tionscail de bharr laghdú ar bharrainneachtaí scála.
- (300) Is mór is diúltach an tionchar a bhí aige sin ar thionscal an Aontais. I gcás ina raibh ardú ar na costais agus brú ar phraghsanna mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín, níorbh fhéidir le tionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta inbhuanaithe a leagan síos, agus is é toradh a bhí air sin gur tháinig laghdú an-mhór sa bhrabúsacht ó 9 % go 11 % in 2021 go 3 % go 4 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mar aon le meath dá dheasca sin ar na táscairí airgeadais.

(301) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go sealadach go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtéarmaí praghsanna agus méideanna.

5.2. Éifeachtaí tosa eile

5.2.1. Allmhairí ó thríú tíortha

(302) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar chainníocht na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	30 758	32 668	24 802	25 884
	Innéacs	100	106	81	84
	Sciar den mhargadh (%)	4	4	4	4
	Meánphraghas	5 116	5 407	5 449	5 024
	Innéacs	100	106	106	98

Foinse: Eurostat

(303) I gcomparáid leis an tSín, ní raibh ach láithreach theoranta ag tíortha eile ar mhargadh an Aontais. Cé go raibh luaineacht i méid na n-allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan sciar iomlán den mhargadh na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín cobhsaí ag thart ar 4 %. Ar an gcaoi chéanna, i rith na tréimhse faoi bhreathnú, bhí praghsanna allmhairí ó na tríú tíortha seo níos airde i gcónaí ná praghsanna na n-onnmhaireoirí ón tSín agus tháirgeoirí an Aontais araon.

(304) Léiríonn sé sin, seachas an tSín, nach raibh ach láithreach bheag ag gach tríú tír i margadh an Aontais ar phraghsanna a bhí i bhfad níos airde ná praghsanna ag táirgeoirí de chuid na Síne agus de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ní raibh siad ina dtoisc a chuir le meath ar thionscal an Aontais.

(305) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach nach ndéanann tionchar ag allmhairí ó thíortha eile an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a tharla do tháirgeoirí ón Aontas a mhaolú.

5.2.2. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

- (306) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	12 000 -14 000	10 000 -12 000	8 000 – 9 000	6 000 – 7 000
Innéacs	100	85	61	51
An meánphraghas (tonaí)	2 000 – 2 500	2 500 – 3 000	3 000 – 3 500	2 500 – 3 000
Innéacs	100	139	143	136

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

- (307) Tháinig laghdú 49 % ar na méideanna onnmhairiúcháin ó tháirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag titim faoi níos mó ná 6 000 tona, ó 12 000-14 000 tona in 2021 go 6 000 – 7 000 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú 36 % ar mheánphraghsanna onnmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (308) Suíodh san imscrúdú ⁽¹⁰⁰⁾gur féidir an meath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais a mhíniú leis an mbrú a chuir táirgeoirí ón tSín ar mhargaí tríú tíortha, rud a d'fhág ar a sheal gur tháinig laghdú ar onnmhairí tháirgeoirí ón Aontas. Tá méid na ndíolachán onnmhairí a cailleadh i ndearbhtéarmaí i bhfad níos ísle ná na díolacháin a cailleadh san Aontas. Thairis sin, bhí an meánphraghas onnmhairiúcháin ar dhíolacháin chuig tríú tíortha 4 % níos airde ná mar a bhí i gcás dhíolacháin an Aontais in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (309) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach ndéanann tionchar na feidhmíochta onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí ón Aontas a mhaolú.

5.2.3. Thomhaltas

- (310) Tháinig laghdú 16 % ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú 24 % ar dhíolacháin an Aontais. Díol suntais é gur tháinig méadú 2 % ar an tomhaltas in 2022 i gcomparáid le 2021, ach gur tháinig laghdú 4 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais thar an tréimhse chéanna. Is léiriú é sin ar an easpa comhghaoil idir treochtaí tomhaltas agus feidhmíocht díolachán an tionscail.
- (311) Ar an gcaoi chéanna, rinne tionscal an Aontais a mhéideanna táirgeachta a laghdú faoi 29 %, rud a d'fhág úsáid acmhainneachta ag 45 %, atá níos airde ná mar a mbeifí ag súil leis ón laghdú 16 % ar thomhaltas.
- (312) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach mbriseann an laghdú ar thomhaltas an Aontais an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

⁽¹⁰⁰⁾ Tá onnmhairí ón tSín chuig an gcuid eile den domhan substaintiúil ó thaobh méide de agus ar phraghsanna níos ísle ná iad siúd chuig an Aontas (foinse: Global Trade Atlas).

5.3. Conclúid maidir le cúisíocht

- (313) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch go sealadach idir an díobháil a tharla do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Mar thoradh ar an méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín, ní fhéadfadh tionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta inbhuanaithe a shocrú, rud ba chúis le meath mór ar a staid eacnamaíoch.
- (314) Tharla meath eacnamaíoch ar thionscal an Aontais i gcomhthráth le hardú géar ar allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín. Rinne na honnmhairí sin sladghearradh go comhsheasmhach ar phraghsanna thionscal an Aontais, a chuir brú anuas ar phraghsanna an mhargaidh. Dá thoradh sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a mhéadú i gcomhréir leis na costais táirgthe a bhí ag ardú. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar dhíolacháin, laghdú ar aschur, agus laghdú suntasach ar bhrabúsacht. Léiríonn uainiú agus scála na bhforbairtí sin nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.
- (315) Rinne an Coimisiún tosca malartacha a fhiosrú a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Áiríodh orthu sin allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus forbairt ar thomhaltas an Aontais. Mar sin féin, ní bhfuarthas go ndearna aon cheann díobh seo aon lagú ar an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.
- (316) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

- (317) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.
- (318) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhair ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála.

6.1. Corrlach gearrdhíola

- (319) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh tionscal an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíolachán ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.
- (320) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.
- (321) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Suíodh an bunbhrabús ar bhonn bhrabúsacht stairiúil thionscal an Aontais ó 2019 go 2020, roimh an tréimhse faoi bhreathnú agus ar aon suaithreadh a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca phaindéim COVID-19. Suíodh corrlach brabúis den sórt sin ag 12 %.

- (322) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhóirigh an Coimisiún taifid inmheánacha na cuideachta a bhain le pleananna infheistíochta, cinntí bainistíochta agus ráitis airgeadais agus fuair sé go raibh údar maith leis na héilimh. Chun é sin a léiriú sa spriobhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfeistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhrí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Ba idir 0,33 % agus 0,36 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachais do gach ceann de na cuideachtaí sampláilte.
- (323) Cuireadh céatadán den sórt sin leis an mbunbhrabús de 12 % a luaitear in aithris (308), rud a d'fhág go raibh spriobhrabús 12,33 % go 12,36 % ann.
- (324) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiún EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhoídh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise idir EUR 62 782 agus EUR 900 299 in aghaidh an tona le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí sampláilte. As sin, d'asbhain sé an costas iarbhrí a bhain le comhlíonadh na gcoinbhinsiún ábhartha le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a bhí idir EUR 21 922 agus EUR 865 022 in aghaidh an tona le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí sampláilte. Dá thoradh sin, bhí glandifríocht idir EUR 0,66 agus EUR 2,05 in aghaidh an tona ann le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí sampláilte. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.
- (325) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach don táirge comhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach spriobhrabúis thuasluaite a chur le costas táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin chuir sé na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) leis ar bhonn cineál ar chineál.
- (326) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrailigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairsiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairsiú.
- (327) Sainítear an corrlach gearrdhíola le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairsiú.

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co. Ltd.	10,6	33,0
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd.	70,9	1,3
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd,	57,5	29,1
Cuideachtaí comhoibríocha eile	55,5	22,1
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	70,9	33,0

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

- (328) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhbar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

6.3. Saobhadh amhábhbar

- (329) Sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhbar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, tá céir phairifín, arb ionann í agus níos mó ná 20 % de chostas táirgeachta an táirge lena mbaineann, faoi réir srian onnmhairiúcháin i bhfoirm gan aon aisíocaíocht ar CBL onnmhairiúcháin a bheith ar fáil sa tSín.
- (330) Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an saobhadh líomhnaithe agus gach saobhadh eile de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín.
- (331) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhbar ar dtús a úsáideann gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i dtáirgeacht an táirge lena mbaineann. Measadh gur príomh-amhábhbar iad na hamhábhbar sin ar dócha go bhfuil 17 % ar laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo.
- (332) Shuigh an Coimisiún gur úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile céir phairifín, agus gurbh ionann sin agus níos mó ná 17 % dá gcostais táirgthe i ngach cás.
- (333) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena shuí cé acu a saobhadh nó nár saobhadh aon cheann de na príomh-amhábhbar a úsáideadh i dtáirgeacht an táirge lena mbaineann mar gheall ar aon cheann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aisíocaíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhairioirí, liosta d'onnmhairioirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing.
- (334) Shuigh an Coimisiún nach raibh aon aisíocaíocht CBL ann agus céir phairifín á honnmhairiú, rud a chruthaigh dreasacht gan céir phairifín a onnmhairiú, sa chaoi go ndearnadh saobhadh ar shásraí socraithe praghsanna an mhargaidh intíre.
- (335) Ansin, chuir an Coimisiún praghas na céarach pairifín arna íoc ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i gcomparáid le praghsanna sa mhargadh (sna margaí) idirnáisiúnta ionadaíoch(a). Maidir leis sin, suíodh go raibh praghas aonaid na céarach paraifín sa tSín, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, idir 25 % agus 60 % níos lú ná an praghas aonaid sa Tuirc ⁽¹⁰¹⁾, a measadh a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí. Dearbhaíodh an difríocht sin freisin nuair a rinneadh comparáid idir an praghas a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus an fhaisnéis atá sa ghearán chun tacú leis an éileamh maidir le saobhadh amhábhbar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Agus méid na difríochta sin á chur san áireamh, measadh go raibh praghsanna intíre i bhfad níos ísle ná praghsanna sna margaí idirnáisiúnta ionadaíocha.

⁽¹⁰¹⁾ Lorg an Coimisiún tagarmharc idirnáisiúnta freisin, ach ní raibh aon tagarmharc den sórt sin ar fáil go héasca. Ina theannta sin, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil tionchar ag allmhairí ón tSín agus ag a phraghsáil ar phraghsanna domhanda. Mar phríomhionnmhairioir na céarach pairifín, bíonn tionchar ag an tSín ar na praghsanna allmhairiúcháin atá ag an gcuid eile den domhan. Ina theannta sin, i ngach tír ionadaíoch fhéideartha eile a ndearnadh anailís uirthi, bhí sciar nach beag ag na h-allmhairí Síneacha agus ag a dtionchar ar an meánphraghas. Ba iad na hOileáin Philipíneacha an t-aon eisceacht, sa bhreis ar an Tuirc, a raibh sciar 33 % d'allmhairí ón tSín acu. Bhí praghas na n-allmhairí nach ón tSín iad níos airde fós ná mar a bhí sa Tuirc, is é sin 18 CNY/kg.

- (336) Ar deireadh, rinne an Coimisiún scrúdú le suí arbh ionann céir phairifín go haonarach, agus 17 % ar a laghad de chostas táirgeachta an táirge lena mbaineann. Chun críche an ríomha sin, úsáideadh praghas neamhshaoifa an amhábhair arna shuí i dTábla 1. Shuigh an Coimisiún gurbh ionann céir phairifín agus 17 % ar a laghad de chostas táirgeachta an táirge atá faoi imscrúdú.
- (337) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil céir phairifín faoi réir saobhadh de réir bhrí an Airteagail 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.3.1. *Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

- (338) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid go soiléir go mbeadh sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Rinneadh leas an Aontais a chinneadh agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhair agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais.

6.3.1.1. *Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir*

- (339) Sa ghearán, léirítear go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag an tSín maidir le coinnle a tháirgeadh, ar dealraitheach gur de chineál struchtúrach í. Tá an ró-acmhainneacht sin á spreagadh den chuid is mó ag suíomh na Síne mar an táirgeoir coinnle is mó ar domhan, agus iad freagrach as thart ar 50 % den aschur domhanda. I dtuarascálacha⁽¹⁰²⁾ tionscail, déantar meastachán go bhfuil 16 mhilliún tona ar a laghad i gceist le táirgeacht bhliantúil na Síne, agus go bhfuil an acmhainneacht ag méadú i gcónaí.
- (340) I gcodarsnacht lena cuid acmhainneachta táirgeachta fairsinge, léirítear sa ghearán go meastar go bhfuil margadh coinnle intíre na Síne sách beag. Mar thoradh air sin, tá tionscal coinnle na Síne dírithe ar onnmhairiú ó thaobh struchtúir de agus ag brath go mór ar mhargaí eachtracha chun a bharrachas táirgeachta a ionsú. Tá margadh an Aontais an-tarraingteach mar gheall ar a mhéid agus ar an éileamh ard atá ar choinnle. Léirítear é seo sa mhéid is go ndéanann formhór na bpríomhtháirgeoirí coinnle sa tSín idir 70 % agus 90 % dá n-aschur a onnmhairiú, agus is ón tSín a thagann 24 % d'onnmhairí coinnle an domhain aisti féin⁽¹⁰³⁾.
- (341) I bhfianaise na dtosca sin, measann an Coimisiún gur riosca suntasach do thionscal an Aontais acmhainneacht bhreise shuntasach na Síne, in éineacht lena héileamh intíre teoranta agus a samhail táirgeachta atá dírithe ar onnmhairiú.

6.3.1.2. *Iomaíocht le haghaidh amhábhair*

- (342) Sa tSín, bíonn rochtain ar amhábhair a úsáidtear i dtáirgeadh coinnle, go háirithe céir phairifín, faoi thionchar suntasach ag beartais phraghsála intíre agus saobhadh a bhaineann le honnmhairiú. Baineann táirgeoirí coinnle sa tSín leas as rochtain ar chéir phairifín ar phraghsanna faoi bhun leibhéil an mhargaidh idirnáisiúnta, rud a thugann buntáiste costais suntasach dóibh⁽¹⁰⁴⁾.
- (343) I gcodarsnacht leis sin, ní mór do tháirgeoirí an Aontais céir phairifín a cheannach ar an margadh oscailte, áit a bhfuil praghsanna faoi réir dinimic soláthair agus éilimh dhomhanda, costais fuinnimh, agus tosca geopholaitiúla. Murab ionann agus a gcomhghleacaithe sa tSín, ní bhaineann táirgeoirí an Aontais leas as fóirdheontais intíre, praghsáil fhabhrach, ná srianta onnmhairiúcháin lena bhféadfaí iad a chosaint ar luaineacht praghsanna. Mar thoradh air sin, bíonn costais níos airde agus níos athraithe rompu, rud a mbíonn tionchar díreach acu ar a n-iomaíochas.
- (344) Thairis sin, déanann saobhadh a bhaineann le honnmhairiú sa tSín an scéal a dhéanamh níos measa fós. Mar gheall ar na bearta sin maidir le hamhábhair shaofa, is féidir le táirgeoirí sa tSín rochtain a fháil ar amhábhair atá flúirseach agus níos saoire, agus ag an am céanna, srian a chur le hinflhaighteacht agus praghsanna a ardú le haghaidh táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid na Síne iad. Dá thoradh sin, laghdaítear go saorga costais táirgthe mhonaróirí coinnle na Síne agus cruthaítear éagothroime iomaíochta. Mar gheall ar an neamhshiméadracht costais a eascraíonn as sin, baintear an bonn d'inbhuanaitheacht eacnamaíoch thionscal coinnle an Aontais.

⁽¹⁰²⁾ <https://uniway-sourcing.com/china/candle-manufacturers-suppliers-in-china/>

⁽¹⁰³⁾ <https://oec.world/en/profile/hs/candles>.

⁽¹⁰⁴⁾ Tacaítear leis sin le fianaise ina ndéantar comparáid idir na praghsanna a d'íoc an gearánach as pairifín a allmhairíodh ón tSín (larscríbhinn 5.8 a ghabhann leis an ngearán) agus na praghsanna margaidh atá i réim laistigh den tSín (larscríbhinn 5.7 a ghabhann leis an ngearán), rud a léiríonn go soiléir éagothroime i bhfabhar tháirgeoirí na Síne.

6.3.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais

- (345) Dá ndéanfaí dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí coinnle ón tSín isteach san Aontas, meastar gur tionchar teoranta a bheadh ann dá bharr ar an slabhra soláthair. Tá acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ag thionscal an Aontais chun freastal ar an éileamh intíre, agus soláthar cobhsaí a áirithiú fiú má bhíonn laghdú ar allmhairí ón tSín. Ina theannta sin, is féidir le tríú tíortha eile onnmhairiú chuig an Aontas fós ar phraghsanna córa, neamhsaofa.
- (346) Tá cumas thionscal an Aontais freastal ar an éileamh bunaithe ar acmhainneacht táirgeachta atá ann cheana féin, agus a bhfuil tearcúsáid á mbaint astu faoi láthair mar gheall ar éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte. Tá táirgeoirí an Aontais ag feidhmiú faoi láthair ag 45 % dá n-acmhainneacht táirgeachta agus tá siad in ann a n-aschur a mhéadú chun aon bhearnaí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann a líonadh. Áirithítear leis sin nach mbeidh aon ghanntanas ná aon suaithheadh ann maidir le tomhaltóirí mar thoradh ar fhorchur dleachtanna.
- (347) Cé go bhféadfadh méadú measartha ar phraghsanna coinnle a bheith ann mar gheall ar dhleachtanna frithdhumpála, meastar, dar leis an ngearánach, go mbeidh miondíoltóirí móra, a fheidhmíonn mar na príomhshocraitheoirí praghsanna sa mhargadh tomhaltóirí, in ann an tionchar sin a ghlacadh.
- (348) Tugann easpa comhair na miondíoltóirí le fios nach bhfuil siad ag súil le suaithheadh suntasach mar thoradh ar fhorchur dleachtanna.
- (349) I bhfianaise na dtosca sin, tá údar maith agus comhréireach ann maidir le dleachtanna frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar an leibhéal iomlán, gan riail na dleachta níos lú a chur i bhfeidhm. Cabhróidh sé sin chun iomaíocht chóir a athbhunú, inmharthanacht thionscal coinnle an Aontais a chothú agus slabhra soláthair cobhsaí agus athléimneach a áirithiú, agus an tionchar ar mhiondíoltóirí agus ar thomhaltóirí iartheachacha a íoslaghdú ag an am céanna.

6.3.2. Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

- (350) Tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú seo a mheasúnú, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

6.4. Conclúid maidir le leibhéal na mbeart

- (351) Tar éis an mheasúnaithe thuas, is mar seo a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co	10,6
Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd. Anhui Fen Yuan Aromatic Technology Co., Ltd.	70,9
Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd,	57,5
Cuideachtaí comhoibríocha eile	55,5
Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	70,9

7. LEAS AN AONTAIS

- (352) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist arbh fhéidir leis teacht ar an gconclúid shoiléir nár chun leasa an Aontais a bhí sé bearta a ghlacadh sa chás seo, cé go ndearnadh amach go raibh dumpáil dhiobhálach ann. Rinneadh an cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla go léir lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na miondíoltóirí, na n-úsáideoirí agus na dtomhaltóirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

- (353) Tá níos mó ná 80 cuideachta i dtionscal an Aontais, atá scaipthe go geografach ar fud na hEorpa, ina bhfostaítear thart ar 9 597 n-oibrí go díreach. Chuir cuid mhór de na táirgeoirí sin de chuid an Aontais in iúl go raibh siad i bhfabhar an ghearáin, agus níor chuir aon duine acu i gcoinne thionscnamh an imscrúdúcháin.

- (354) Na leibhéil brabúsachta atá ann faoi láthair, is leibhéil neamh-inbhuanaithe atá iontu. Trí bhearta a fhorchur, táthar ag súil leis go bhféadfaidh tionscal an Aontais codanna den sciar den mhargadh a cailleadh a aisghabháil, agus praghsanna a shuí ag leibhéil a chuireann ar ár gcumas leibhéil inbhuanaithe brabúsachta a bhaint amach.
- (355) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí cúngach breise praghsanna, laghdú breise ar dhíolacháin agus tuilleadh meatha ar an mbrabúsacht, agus is dócha go ndúnfar saoráidí táirgeachta, agus go mbeidh daoine á ndífhostú, agus ar deireadh, go dúnfar gnólachtaí iomlána.
- (356) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal an Aontais.

7.2. Leas allmhaireoirí agus trádálaithe, úsáideoirí, tomhaltóirí nó soláthraithe neamhchomhlachaithe.

- (357) Níor ghlac aon allmhaireoirí ná úsáideoirí neamhchomhlachaithe páirt sa phróiseas samplála ná níor chuir siad freagraí isteach ar an gceistneoir. Dá bhrí sin, níor cuireadh aon sonraí ar fáil maidir le hallmhaireoirí ná le húsáideoirí agus níor cuireadh aon ábhar inné sonrach in iúl a thabharfadh le fios go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann dá ndéanfaí bearta a fhorchur.
- (358) In éagmais comhair, rinneadh measúnú ar na héifeachtaí is dóchúla a bheadh ag na bearta ar úsáideoirí ar bhonn toimhdí réasúnta. Is iondúil go mbíonn coinnle ina n-earraí ísealchostais laistigh den deighleog mhaisitheach ag trádálaithe agus miondíoltóirí, a mbíonn raon leathan táirgí acu de ghnáth. I gcás tomhaltóirí, meastar gur costas beag inchaite iad coinnle freisin. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag aon mhéadú praghsais a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar fhorchur dleachtanna frithdhumpála ar chostais oibriúcháin gnólachtaí. Mar gheall ar an gcostas aonaid réasúnta íseal ar choinnle, i gcomparáid le punann táirgí fhoriomlán na dtrádálaithe agus na miondíoltóirí, tugtar le fios gur éifeacht dhiomaibhseach a bheadh ann de bharr méadú den sórt sin ar a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Ar an gcaoi chéanna, i gcás tomhaltóirí, níltear ag súil go n-athrófar nósanna ceannaigh go suntasach mar gheall ar an méadú ar chostais.
- (359) I bhfianaise an mhéid thuas, níltear ag súil go ndéanfaidh forchur na mbeart dochar d'úsáideoirí, do thrádálaithe ná do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach mbeadh forchur dleachtanna frithdhumpála in aghaidh leasanna allmhaireoirí, miondíoltóirí, úsáideoirí agus tomhaltóirí.

7.3. An chonclúid maidir le leas an Aontais

- (360) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir chun teacht ar an gconclúid nach raibh sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann ag an gcéim seo de imscrúdú.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

- (361) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.
- (362) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ba é conclúid an Choimisiúin i roinn 6.4 gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.
- (363) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
An tSín	Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co	10,6
An tSín	Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd. Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	70,9

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
An tSín	Qingdao Kingking Applied Chemistry Co Ltd,	57,5
An tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile	55,5
An tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	70,9

(364) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile sa tír lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(365) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirfear sonrasc tráchtála bailí i láthair údarais chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear sonrasc den sórt sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(366) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údarais chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdarais chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údarais chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceáil a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(367) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, féadfar céatadán a thabhairt isteach, de réir an cháis, cé nach bhfuil sé inmholta, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá le dleachtrátaí aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

9. CLÁRÚ

(368) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlgabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(369) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(370) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlgabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

- (371) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.
- (372) Fuarthas barúlacha ó Qingdao Kingking agus Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co. Bhain na barúlacha go príomha le saincheisteanna eile seachas cruinneas na ríomhanna, amhail foinsí tagarmharcanna, corrlaigh bhrabúis, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus ríomh an chorrlaigh díobhála agus dá bhrí sin breithneofar iad ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.
- (373) Ina theannta sin, chuir Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co. dhá bharúil isteach maidir le cruinneas na ríomhanna. Sainaithin sé earráid sna costais phacála a tuairiscíodh sa liostú díolachán onnmhairiúcháin agus fachtóir coinbhéartachta mícheart a cuireadh i bhfeidhm ar phraghas an chairtín páipéir. Ceartaíodh an dá earráid, agus rinneadh an corrlach dumpála don chuideachta a choigeartú dá réir.
- (374) Thuairiscigh Cuideachta 5 earráid ina ríomhanna IRI. D'fhóirigh an Coimisiún an ríomh agus dheimhnigh sé nach bhfuil tionchar ag an earráid sin ar leibhéal chorrlach díobhála na cuideachta.

11. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

- (375) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.
- (376) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

- Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí coinnle, fáideog agus a leithéidí, atá faoi láthair faoi chóid AC 3406 00 00 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.
- Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
An tSín	Ningbo Kwung's Home Interior & Gift Co., Ltd.	10,6	89UK
An tSín	Ningbo Kwung's Wisdom Art & Design Co., Ltd. Anhui Fenyuan Aromatic Technology Co., Ltd.	70,9	89UI
An tSín	Qingdao Kingking Applied Chemistry Co., Ltd.	57,5	89UJ
An tSín	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	55,5	Féach an Iarscríbhinn
An tSín	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	70,9	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) den (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin ar fáil, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.
4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisece ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.
5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/511.
2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha féideartha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh:

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Aromasong Home Products Co.,Ltd.	89UL
Daon-Phoblacht na Síne	BEIJING CANDLEMAN CANDLE CO., LTD.	89UM
Daon-Phoblacht na Síne	BOYE HONGMING CANDLE INDUSTRY CO., LTD.	89UN
Daon-Phoblacht na Síne	Changlexian Yuhuiguorui arts and crafts Co.,Ltd.	89UO
Daon-Phoblacht na Síne	ChangZhou JinTan Man Tin Fang Gifts Co.,Ltd	89UP
Daon-Phoblacht na Síne	Changzhou Jintan Xingta Arts and Crafts Co., Ltd.	89UQ
Daon-Phoblacht na Síne	Colourful Home Decoration(NanTong) Co.,Ltd.	89UR
Daon-Phoblacht na Síne	DALIAN ALL BRIGHT ARTS AND CRAFTS CO.,LTD	89US
Daon-Phoblacht na Síne	Dalian Bolaite Candle Industry Co., Ltd	89UT
Daon-Phoblacht na Síne	Dalian Talent Gift Co., Ltd.	89UU
Daon-Phoblacht na Síne	DANDONG ETON ART CANDLE CO.,LTD	89UV
Daon-Phoblacht na Síne	DANDONG HONGDE CANDLE INDUSTRIAL CO., LTD.	89UW
Daon-Phoblacht na Síne	Dandong Jiaxin Arts & Crafts Co., Ltd.	89UX
Daon-Phoblacht na Síne	Dandong Joy Gift And Craft Co., Ltd.	89UY
Daon-Phoblacht na Síne	Dehua Baililian Candle Craft Products Factory	89UZ
Daon-Phoblacht na Síne	Donggang tianbao wax Industry Co., Ltd.	89VA
Daon-Phoblacht na Síne	FUSHUN PINGTIAN WAX PRODUCTS CO.,LTD.	89VB
Daon-Phoblacht na Síne	Fushun Shuanghui Petrochemical Co., Ltd.	89VC
Daon-Phoblacht na Síne	FUTURE INTERNATIONAL (GIFT) CO., LTD.	89VD
Daon-Phoblacht na Síne	Greenbay Craft (Shanghai) Co., Ltd.	89VE
Daon-Phoblacht na Síne	Hangzhou Aroma Huicheng Technology Co.,Ltd.	89VF
Daon-Phoblacht na Síne	HANGZHOU NINFE HOME CO., LTD.	89VG
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Huaming Laye Co.Ltd	89VH
Daon-Phoblacht na Síne	Hebei Ruitou Imp&Exp Co.,Ltd	89VI
Daon-Phoblacht na Síne	Hefei Weisi Arts & Crafts Co., Ltd.	89VJ
Daon-Phoblacht na Síne	Jiangxi Tongda Candle Co.,Ltd	89VK
Daon-Phoblacht na Síne	Jiashan Jiahua Candle Arts & crafts Co. Ltd	89VL
Daon-Phoblacht na Síne	JIAXING FEIYA HANDICRAFT ARTICLE CO.,LTD	89VM

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Jinan Jinming Tool Manufacturing Co. Ltd	89VN
Daon-Phoblacht na Síne	Jinhua Jushi Technology Co.,Ltd	89VO
Daon-Phoblacht na Síne	LITBRIGHT CANDLE (SHIJIAZHUANG) CO., LTD	89VP
Daon-Phoblacht na Síne	M&SENSE (SUZHOU) ARTS & CRAFTS CO., LTD.	89VQ
Daon-Phoblacht na Síne	M.X. Candles and Gifts (Taicang) Co., Ltd.	89VR
Daon-Phoblacht na Síne	MINQUAN VALUEEVOLUTION ARTS & CRAFTS CO., LTD.	89VS
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Haishu Haihong Crafts Factory	89VT
Daon-Phoblacht na Síne	Ningbo Junee Gifts Designers and Manufacturers Co., Ltd.	89VU
Daon-Phoblacht na Síne	Ninghai Grand Houseware Co.,Ltd.	89VV
Daon-Phoblacht na Síne	Ninghai Kaihui Houseware Co., Ltd	89VW
Daon-Phoblacht na Síne	QIDONG SHENLE ART&CRAFT CO.,LTD	89VX
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Allite RadianceCandle Co, Ltd	89VY
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Golden Sanda Craftworks co., Ltd	89VZ
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Kinglight Craft Co.,Ltd	89WA
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Lishengyuan Industry Products Co., Ltd	89WB
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Locke Art and Craft Co.,Ltd	89WC
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Shuailei Arts&crafts Co.,Ltd	89WD
Daon-Phoblacht na Síne	QINGDAO SILVARTS CO., LTD.	89WF
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Xinkangmeiyuan Wax Industry Co.,Ltd	89WE
Daon-Phoblacht na Síne	Qingyun Super Light Candle Technology Co., Ltd.	89WG
Daon-Phoblacht na Síne	SHAANXI JIALONG HOUSEWARE CO., LTD.	89WH
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Aqua Gifts Manufacture Co.,LTD	89WI
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Dream Candle Factory	89WJ
Daon-Phoblacht na Síne	Shanghai Sizu Biotechnology Co., Ltd.	89WK
Daon-Phoblacht na Síne	SHAOXING HIKING CANDLE GIFTS CO.,LTD	89WL
Daon-Phoblacht na Síne	Shijiazhuang Tabo Candles Sales Co.,Ltd	89XD
Daon-Phoblacht na Síne	Shaoxing Shangyu Ruisheng Wax Industry Co., Ltd	89WM
Daon-Phoblacht na Síne	shenyang shengjie candle co., ltd	89WN
Daon-Phoblacht na Síne	Taizhou Bomall housewear Co., LTD	89WO
Daon-Phoblacht na Síne	Taizhou Huangyan King Well Art & Craft Co. Ltd.	89WP
Daon-Phoblacht na Síne	TIANJIN HUATAI CANDLE CO., LTD	89WQ
Daon-Phoblacht na Síne	TIANJIN PERMANENT HOME INTERNATIONAL TRADE CO.,LTD.	89WR

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	TongLu ChunJiang Candle Products CO., LTD.	89WS
Daon-Phoblacht na Síne	Tongxiang Apollo Craftwork Co.,Ltd.	89WT
Daon-Phoblacht na Síne	Wuhe Ranran Arts & Crafts Co., Ltd.	89WU
Daon-Phoblacht na Síne	XUANCHENG ZHIWEN HANDICRAFT CO., LTD.	89WV
Daon-Phoblacht na Síne	YANGZHOU JINGTENG ART&CRAFT CO.,LTD	89WW
Daon-Phoblacht na Síne	Yiwu Jialuofu Handicraft Co., Ltd.	89WX
Daon-Phoblacht na Síne	Yixinyuan (Hubei) Household Products Co., Ltd	89WY
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Neo Home Decoration Co., LTD	89WZ
Daon-Phoblacht na Síne	Zhejiang Talent Fareast Home Gifts Co., Ltd	89XA
Daon-Phoblacht na Síne	Zhongshan South Star Arts & Crafts Manufacturing Co., Ltd.	89XB
Daon-Phoblacht na Síne	Zibo Jialong Wax Industry Co.,Ltd	89XC